

PLÉARÁCA '96

Foilsithe ag Coiste Phléaráca Chonamara i gcomhar le Scéim Fostaíochta Pobail an Phléaráca



Clár na Féile

Torthaí na nGeallta

An Meiricean Mór

Tuairimíocht

Caírlín Maude

Tigh Pheadair Mhóir

Grianghrafanna

Hugó Carey

£1



Raidió na Gaeltachta

ar fud na tíre

Scéalta Beaga agus Scéalta Móra
Ceol, Cabaireacht agus
Cuideachta ó Adhmhaidin
go Trathnóna

Bíonn muid ar fáil gach lá den bhliain.
Ná bíodh drogall oraibh labhairt linn.

Craoladh beo ar
FM/VHF
ar fud na tíre

Foireann Eagarthóireachta na hIrise: Úna Ní Cheannabháin, Bríd Ní Chartúir, Brian Ó Cróinin agus Donncha Ó hÉallaithe

Buíochas:

Tá an fhoireann eagarthóireachta an-bhuíoch do na daoine seo leanas Meta Uí Mháille, Seosamh Ó Cuaig, Orla Ní Chonaire, Ruaidhrí Ó Tuairisg a thug cúnaimh leis an ábhar a réiteach; Bob Quinn a chuir go leor grianghrafanna ar fáil; Séamas Ó Cualáin, Seosamh Ó Cuaig, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Mandy Uí Mhurchú, Siobhán Ní Mhuirí, Daithí Ó Muirí, Pádraig Seoighe.

Tá muid go speisialta buíoch do Tom agus John Deáirbe Ó Flaithearta a roinn eolas linn agus a thug neart grianghrafanna dhúinn leis an alt faoin Meiricean Mór a dhéanamh.

Tá buíochas ag dul chomh maith do fhoireann CHLÓDÓIRÍ LURGAN a thug gach cúnaimh dhúinn agus a bhí an fhoighdeach linn. B'é Caomhán Ó Scolai a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris agus b'é Micheál Ó Braonáin a chinntigh gur tháinig sé amach in am.

Sé an fhoireann eagarthóireachta atá freagrach as aon bhotún. Maith dúinn iad. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Chonamara.

Táimid fíor bhuíoch dár bhfógróirí a chur ar ár gcumas praghas na h-irise a choinneáil ag £1.

Colste Phléaráca Chonamara '96:

Treasa Ní Mhaoileoin (Ros a' Mhil)
- *An Cathaoirleach*
Donncha ÓhÉallaithe (*Cois Fharraige*) - *Leas Chathaoirleach*
Máiread Ní Mhocháin (Na hOileáin)
- *Rúnaí*
Máire Bn. Uí Chonghaile (Ros Muc)
- *Cisteoir*
Máire Bheilbigh (Camus)
Padraigín Bheilbigh (Camus)
Triona Uí Chonghaile (Na hOileáin)
Máiread Ní Chualáin (Na hOileáin)
Réamonn Ó Chonghaile (Ros Muc)
Marguerite Ní Fhlatharta (An Spidéal)
Jackie Mac Donncha (Cill Chiaráin)

Tá an Colste Eagraithe an-bhuíoch do na daoine seo leanas a thug cúnaimh dúinn imeachtaí a reachtáil:

Liam Mac an Iomaire
Martina Goggin (An Spidéal)
Bob Quinn (Cinegae)

Miriam Allen (Fleadh Scannán na Gaillimhe)
Christy King (Gael Media)
Pádraig Ó hAoláin (Údarás na Gaeltachta)
Peadar Ó Maoláin (Údarás na Gaeltachta)
Máirtín Jaimsie (Raidió na Gaeltachta)
Máirtín Tom Shéainín (RnaG)
Máirtín Mac Donncha (RnaG)
Séamas Mac Donncha (RnaG)
Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin)
Maiti Joe Shéamais Ó Fátharta
Kate Ní Dhonncha (TCA)
Telegae

TnaG
Óstán na Ceathrún Rua
Óstán an Dóilín
Ceol na Mara
Coiste Pobail Ros Muc
Coiste Halla Na bhForbacha
Coiste Halla Ionad Chois Chuain
An Geata, Ceardlann an Spidéil
Bistró Jackie, Ceardlann an Spidéil
Máirtín Ó Briain (Cladhnach)
Seosamh Ó Giobúin (Camus)
Seán Leáinde (Ros a' Mhil)
Coiste Spóirt Chamuis
Na Bádóirí go léir a thógann páirt sna bhféile

Muintearas na nOileán
Ord Malta & Na Gardai
Éamonn Ó hÉanaí (Inis Oírr)
Oisín Ó Tuairisg (Inis Oírr & Inis Meáin)
Dara Kelly (Máimin)
Matt Bairéad (Leitir Mealláin)
Séan Mac Donncha (Cumann na Húicéirí)
Pádraig de Bhaldraithe (L. Mealláin)

Pádraig de Bhailís (An Sruthán)
Stiofán Ó Gríofa
Peter Phádraig Pheter Ó Conghaile
Pádraig Mac Donncha (Caladh Thaidhg)
Connie Mac Donncha (An Cheathrú Rua)
Ciarán Chóil Pheadair Ó Flaithearta
Comharchumann Chonamara Thiar
Roibeárd Ó hÉalaí
Foireann Oibre TCA
Foireann Nuachtla R. na Gaeltachta
Foireann Áras Uí Chadhain
Johnny Sheáin Jack Mac Donncha (Cama)
Josie Sheáin Jack Mac Donncha (Cama)

James Harold (Comhairle Condae na Gaillimhe)
Aodán Ó Conchúir (Grianghrafadóir)
Karen Kenny, *Dámhlann an Spidéil*
Tom Kenny, *Gailearaí Kenny*
Joe Steve Ó Neachtain
Beirtí Ó hAinmhire, *An Roinn Ealaíon, Cultúir & Gaeltachta*
Uinsíonn Mac Dubghaill, *The Irish*

Times

Na Moltóirí go léir.
Micheál agus Jackie Ó Cionna agus na Ceoltóirí ar an bhFámaire Na ceoltóirí, na fonnadóirí a chuir siamsaíocht ar fáil le linn an Phléaráca.

Ach go speisialta, tá Coiste na Féile thar a bheith buíoch do fhoireann oibre Phléaráca - **META UÍ MHÁILLE agus DARRYL BROE** agus do chuile dhuine ar **Scéim Fostaíochta an Phléaráca** i Ros Muc, a d'oibrigh fíorchrua le roinnt seachtainí anuas lena chinntiú go n-éireodh leis an bhféile. Thug na miocléinn seo leanas, a bhí ag obair le Pléaráca an samhraidh seo cúnaimh chomh maith: Máiread Seoighe, Orla Ní Chonaire, Máire Ní Ráighne, Bríd Bhreathnach, Debbie Ní Dhonncha.

Táimid thar a bheith buíoch chomh maith do **Caomhán Ó Scolai** a dhearadh an póstaer agus don **Spallpín Fánach** a rinne na t-léinte.

Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár againn. Ní d'aon turas é. Táimid buíoch dóibh siud chomh maith.

Buíochas speisialta le fhoireann Raidió na Gaeltachta Buíochas chomh maith le Glór Chonamara, Galway Bay FM, Clare FM, An Galway Advertiser, An Connacht Tribune, An Irish Times, The Cork Examiner as poiblíocht agus eolas a thabhairt faoi imeachtaí na féile.

Urraithe na Féile:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhluchtaí gnó a thug urraíocht flaithiúil dúinn le PLÉARÁCA CHONAMARA '96 a reachtáil i mbliana: An Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta; Comhairle Chontae na Gaillimhe; Raidió na Gaeltachta, Comharchumann Chonamara Thiar, Tigh Terry, An Poitín Stil, Supermacs, Coca Cola, Island Ferries (Sally & Paddy O'Brien), Guinness; Tigh an Táilliúra; Muintearas; An Chistin; An Crúiscín Lán; Tigh Chualáin; Bhí roinnt eile nach raibh socraithe sara ndeachamar i gcló.

Cóipcheart:

Tá cóipcheart ag Pléaráca Chonamara agus ag na húdair ar an ábhar atá foilsithe anseo. Má tá éinne ag iarraidh alt a úsáid in iris eile ba mhaith linn go n-iarfaí cead roimh ré ón údar agus ón bhfoireann eagarthóireachta. Sé an gnáth cuiriéis é.

Clár na hIrise

- 2 Eagarthocal
- 5 An Meiricean Mór
- 9 Sraith na mBád Seoil
- 10 Ceoláin agus Ceoltóirí
- 13 Cré na Cille agus Gaisce Uí Chonaola
- 14 Sean-Nós agus Nua-Nós
- 15 Some Mother's Son
- 18 Féile Chaitlín Maude
- 19 Filíocht Chaitlín Maude
- 20 Imeachtaí na Féile
- 24 Clár na Féile
- 26 Graceville
- 33 Búir na Scéime
- 37 Campa Éigse Chaitlín Maude
- 40 An Stáisiún Ginte, Scríb
- 41 Scoth Peileadóirí as Carna
- 44 Pléaráca sa mBriotáin
- 46 Tigh Pheadair Mhóir



Tá buíochas ag dul don eagraíocht AOIFE (eagraíocht na bhféile in Éirinn) lena bhfuil Pléaráca Chonamara cláraithe. Mholfadh muid do chuile féile clárú leo. Tá sábháil mhór le fáil ar árachas.

EAGARFHOCAL

Freastal na Meán Gaeilge ar phobail na Gaeltachta

An mhí seo chugainn seolfar dhá mheán nua i gConamara — an stáisiún nua teilifíse **TnaG** agus **An Nuachtán** — páipéar nua Gaeilge. Fáiltíonn muid ó chroí rompu agus molann muid misneach na ndaoine atá ag tabhairt faoin dá mheán nua. Thar aon rud eile, tá súil againn go n-éireoidh leo lucht féachana agus pobal léitheoireachta mór a bhuanú anseo i nGaeltacht Chonamara, cé go dtuigeann muid gur meán “náisiúnta” go príomha a bheas iontu.

Is toradh é bunú **TnaG** ar fheachtas fada crua. Ó bunaíodh **RTÉ** ní raibh siad ag iarraidh nó in ann freastal ar riachtanais daoine a bhí ag iarraidh gasúir a thógáil le Gaeilge. Chuaigh daoine i bpríosún le aird a tharraingt ar a laghad Gaeilge a bhí i sceideal **RTÉ** ach níor chuir a n-íobairtí mórán athrú ar an scéal ná mórán náire ar **RTÉ** B'é an craoladh bradach teilifíse ó **Ros Muc** i 1987, a chuir tús ceart leis an bhfeachtas a d'éiligh bealach teilifíse faoi leith sa nGaeltacht. D'éirigh leis an bhfeachtas agus is maith an scéal gur sa nGaeltacht atá ceanncheathrú **TnaG**. Is ceist eile cén lucht féachana a mbeidh **TnaG** dírithe orthu? Ní **Teilifís Ghaeltachta** atá inti ach **Teilifís Ghaeilge**.

Tá **An Nuachtán**, le seoladh an chéad mhí eile chomh maith. Lorgaíodh iarratais ó ghrúpaí a bheadh sásta tabhairt faoi pháipéar seachtainiúil Gaeilge a fhoilsiú le cúnamh deontais ón stát, mar gur theip go tubaisteach ar an bpáipéar **AN OIS** freastal sásúil a dhéanamh ar phobail na Gaeltachta ná ar lucht na Gaeilge ach an oiread. Tá sé speisiúil go raibh an cinneadh le déanamh sa deire ag **Bord na Gaeilge** idir dhá iarratas láidir ó Ghaeltacht Chonamara. Glacadh le iarratas **Phádraig Uí Chéidigh**. Guíonn muid

gach rath air féin, ar an eagarthóir **Breandán Delap** agus ar an bhfoireann atá roghnaithe. Tá dúshlán mór rompu. Tá gach tacaíocht ag dul dóibh le go n-éireoidh leo pobal léitheoireachta rialta a aimsiú sa nGaeltacht seo.

D'éirigh le **Raidió na Gaeltachta** lucht éisteachta dílis a mhealladh sna ceantach Gaeltachta mar gheall ar an aird speisialta a thug siad ar an nGaeltacht. Glacadh leis gur le freastal ar phobal na Gaeltachta go príomha a bunaíodh é. Léirigh suirbhé a deineadh cúpla bliain ó shin go raibh beagnach trí cinn as gach cheithre theach i nGaeltacht Chonamara ag éisteacht le **Raidió na Gaeltachta** chuile lá. Is éacht a rinne foireann an Raidió lucht éisteachta chomh mór agus chomh dílis a bhuanú sa nGaeltacht. Bhí an foirmle agus an meascán ceart acu. Ní Gaeilge amháin a choinníonn pobal na Gaeltachta ag éisteacht leo.

Ach céard faoi **TnaG**? Tá córas craolta roghnaithe acu atá amaideach agus easpach. Cuireadh a mhalairt de chomhairle orthu agus ar an Aire, **Michael D. Higgins**. Níor glacadh leis an malairt comhairle agus ós rud é nár glacadh ní bheidh daoine in Iarthar na tíre — Conamara agus Oileáin Árann san áireamh — in ann an stáisiún nua a fháil mura gcuirfidh siad de stró nó de chostas orthu féin aeróg nua a fheistiú lena aghaidh. Tá idir £45 agus le £60 á iarradh ar dhaoine i gConamara faoi láthair leis an aeróg a theastaíonn a fheistiú. Ní chosnaíonn an aeróg féin mórán. Is féidir le duine ar bith ceann a cheannacht i nGaillimh ar £12. Is féidir le duine sa ghnó iad a cheannach ar £6 an ceann. Níl mórán scil ag teastáil le go bhfeisteadh daoine na haerógaí iad féin ach tá beagán stró ag baint leis. Ar ndóigh beidh **TnaG** le fáil gan stró ná

costas in Oirthear na tíre, an ceantar is lú a bhfuil spéis ag daoine breathnú ar chláracha Gaeilge!

An mbeidh mórán teaghlaigh i gConamara, ná i gceantar ar bith eile, sásta dul i gcostas le aeróg nua le **TnaG** a fháil? An mbeidh mórán sásta an stró a chur orthu féin an aeróg a cheannach agus a fheistiú iad féin? An mbeidh cláracha ar an teilifís a bhfuil spéis acu iontu, le gur fiú dóibh an costas agus an stró? An mbeidh nuacht áitiúil ón nGaeltacht air? An mbeidh cláracha spóirt air, a chlúdóidh cluichí tábhachtacha Gaeltachta? An mbeidh irisclár ó na Gaeltachtaí éagsúla air? Mura mbeidh, cuma cé maith is a bheidh caighdeán na gclár, is deacair a cheapadh go mbeidh mórán sa nGaeltacht ag breathnú air, agus is trua sin. Déarfur nach bhfuil aon éileamh air sa nGaeltacht as a bhfuil sé ag craoladh, fiú. Déarfur gur cur amú airgid é. Déarfur go mbeadh sé i bhfad níos ciallmhaire agus níos saoire cur le líon na gcláracha Gaeilge ar Network 2. Beidh na daoine atá ina aghaidh in ann a éileamh go glórach go raibh an ceart acu.

Cé go bhfuil sé deireanach sa lá molann muid go láidir do **RTÉ** breathnú arís ar na socruithe craoltóireachta atá acu. Tá bealach teilifíse le spáráil ag **RTÉ** san Iarthar a ligfeadh dóibh **TnaG** a chraoladh, sa gcaoi is nach mbeidh ar dhaoine aeróg nua a cheannach is a fheistiú lena fháil. Dá mbainfí usáid as an mbealach sin chomh maith leis an mbealach atá socraithe acu bheadh fáil ag chuile theaghlach sa nGaeltacht ar **TnaG** ón gcéad lá.

Ba mhaith linne go mbeadh údar ceiliúrtha againne chomh maith Oíche Shamhna.



Ó chlé: Micheál Mac Donncha, Máirtín Ó Conghaile, Máirtín Mac Donncha, Pádraig Ó Fátharta, Pádraig Ó Coirbín — cuid de na hoibrithe a thóg ceannáras **TnaG**. An mbeidh aon rud air ar ab fhiú dóibh breathnú?

Le gach dea-ghuí ó TIGH CHADHAIN

Cill Chiaráin

SIOPA GRÓSAER & BEÁR

Carna. Fón/Facs: 095-33409

Tigh mhaic

Carna — Fón: 095-32240

Teach Tabhairne agus Brú suite ar bhruach na farraige faoi bhun an tsléibhe

TRÁNNA ÁILLE AGUS CIÚNAS

Tigh phlunkett

Leitir Móir — Teil: 551157

• Siopa • Bureau de Change •
• Beár • Posta • Peitreal •

Má bhíonn tú chart ná tigh charais'

Go n-éirí go geal le leis an bPléaraca

Tigh Mhic Dhonnchadha

OIFIG AN PHOIST GRÓSAER

Béal an Daingean
091-72126

An Meiricean Mór

Ruaidhrí Ó Tuairisg

*"Seol, seol, a Mheiricean Mhóir,
'Spáin do chuid siúil do Tom Deáirbe,
Nach bhfuil siad dá rá nach bhfuil do
mháistir de bhád,
Le fáil a'ainn anseo i gConamara."*

Cúpla líne as amhrán breá Tom a' tSeoige faoi cheann de bháid mhóra Chonamara. Is é a scéal féin scéal chuille bhád. D'fhan cuid acu ag an gclann céanna ó thús, díoladh cuid acu thar tír amach, thit cuid acu sna cuanta agus ceannaíodh cuid acu go minic. Sé an ceann deire seo scéal an Mheiricean.

Sé Maitias Mhicil a'Ghabha Ó Guairim as Róisín an chalaídh, Carna, a thóg an Meiricean Mór sa mbliain 1884. Thóg sé í i ngarraí Phádraig Phetair Ó Conghaile in aice le céibh Droighnigh in Inis Bearachain. Thóg sé báid eile chomh maith, **An Conor, An Cashel Star**, agus an nobby **Delia**.

Is do Shéamas Sheáin Mhóir Ó Domhnaill as an oileán a tógadh An Meiricean. Rinne sí obair chuille bhád ag an am, móin soir go Cinn Mhara, Co. an Chláir agus go hÁrainn agus lucht anoir ag siopaí Chonamara. É féin agus a chlann a d'oibrigh í. Dúirt John Deáirbe liom gur dhúirt Josie Bheachla Joe as an gCnoc go raibh an tainm **The Vein of Caisín Bay**, mar ainm uirthi ar dtús. Dúirt Johnny Bailey liom gur airigh sé féin an tainm **Carsín Fíon** (nó Vein) uirthi. Dúirt John William



Ach nár bhrónach an cás nuair a thioctadh lá an gheall/Mura mbeadh a cuid seolta is iad líonta, Ach ní mar sin atá nach aoibhinn le rá./Tá sí anois is i i mbarr a cuid cuanta.

[Pic: Cian de Buitéir]

Seoige nár airigh sé féin ainm ar bith mar sin uirthi cé gur sheol a athair agus a uncail í.

Bhí sí ansin ag Jackín Shéamais Sheáin Mhóir — fear a d'ól corrbhraon. Tráthnóna amháin chroith sé lámh lena chomharsanaí, d'fhág sé slán acu ar fad agus bhailigh leis sa mbád leis féin go Meiriceá, má b'fhíor dó. Siar ó Árainn thuig sé céard a bhí ar siúl aige agus thug sé aghaidh ar a dheirfiúr i gCarna. Trí lá ina dhiaidh sin d'fhill an bheirt acu abhaile agus nuair a chonaic seanfhear as an mbaile an bád ag

teacht dúirt sé: "O, tá an Meiricean Mór ar ais". Jackín dár ndóigh a bhí i gceist aige ach d'fhan an tainm ar an mbád.

Cheannaigh Michael Mhatt Mhaitiú Ó Domhnaill, a raibh siopa aige ar an gCeathrú Rua, agus Cóilín Seoige, (uncail le John William) as Cuileán an bád i bpáirt. Chuir siad deic siar ar fad uirthi agus chaith sí blianta fada ag tarraingt earraí as Gaillimh ag an siopa. Ba é Cóilín an máistir, agus chaith go leor daoine tamall leis, Johnny Sheáin Mháire, Peadar Phádraig Aindriú agus



Cóil Choilm Deáirbe, a bhean Nan, a athair Colm Deáirbe agus a chuid gasúir. Michael agus Maggie atá chun tosaigh agus tá Biddy agus John ar dhá thaobh Nan. Sé Tom an páiste ar a baclainn aici.

Pádraigín Bhríd Rua ina measc.

Uair, tháinig Cóilín Seoige as Gaillimh inti le stuf. Gaoth anoir aneas a bhí am. Ní raibh aon taoille isteach Caladh Thaidhg, is chuaigh siad i dtír ar Aill Theach an tSalainn. Lig siad amach ar aon-téad í agus chuaigh siad suas ag ól deoch. D'athraigh an ghaoth siar aduaidh agus briseadh an bád. Chaill sí an lucht. Rinne Joe Uaitéar Seoige as Inis Bearachain agus Cóilín Mháirtín Uí Chathasaigh suas í. Deirtear nár ól Cóilín Seoige aon deoir as sin amach.

Ina dhiaidh cheannaigh Tom Bhríd Neil Ó Súilleabháin as An Tuairín í agus thug sé móin go hÁrainn inti. Bhabhtáil sé í le Michaelín Mhicil Dharach (Seoigín Chamuis) ar ghleoiteog.

Chaith sí roinnt blianta ag Michaelín agus ansin dhíol sé í le Pádraig Sheáin Taimín as Cladhnach. Bhí An Connacht, a bhí ag Conn McCann, ag athair agus ag uncail Phádraig.

Bhí sí cráite go maith ag an bpoinnte seo i gcéibh an tSrutháin. Tháinig oíche gála aniar agus d'imigh sí as an gcéibh. Cuireadh i

dtír í ar Charraig an Oisín i gCuan Chasla. Tharraing Michael Ó Briain as í agus thug sé suas faoi Lodge Chasla í in éineacht lena bhád féin **An Tónaí** le haghaidh an gheimhridh. Sa mbliain 1956 cheannaigh Máirtín Tom Deáirb as an Ros í ó bhean Phádraig Sheáin Taimín ar £5. Thug Máirtín Tom, a mhac Dudley agus John Deáirbe anoir ar tow í le bád Chóil Choilm Deáirbe **An Lovely Ann**, a raibh inneall inti ag an am. Bhí Cóil Cholm Deáirb ina chónaí ar an Oileán Mór ag an am. D'fhág siad í ag céibh Mháirtín Tom ar an Ros. Rinne Máirtín suas í. Fuair sé cille ó Phat Cheoinín, scan-chille trawler a bhí sa mbealach air ag an mBallá Fada agus a bhí réidh le gearradh a suas. Bhain Mháirtín an deic den Mheiricean.

Bhí sé tar éis **An Chorainn** a dhíol le Dick Fletcher as Dún Laoghaire tuairim cúig bhliana roimhe sin. Briseadh **An Chorainn** agus bhí an oiread measa ag Dick ar Mháirtín gur chuir sé crann agus sparaí **An Chorainn** anuas ar an traein go Gaillimh aige. Thug Seán Bán Ó Cualáin anoir ar an leoraí iad. Chuir Máirtín ar an Meiricean Mór iad agus tharraing sé féin agus Joe

Sheáinín Ó Cualáin móin go hÁrainn inti timpeall na bliana 1959.

Dhíol Máirtín ansin í le fear darbh ainm Needham as Cumber, Co. an Dúin ar tuairim £1,200. Déanadh suas mar yacht í agus cuireadh inneall inti.

Timpeall na bliana 1977 cheannaigh Brian Hussey í ar £4,000. Thug sé go Portach Mhuighinse i gCarna í agus bhain Meaircín Ó Clochartaigh an cábán di, chuir sé *weather boards* uirthi agus roinnt eile oibre. Ghearr Pat Cheoinín culaith calico di agus d'fhuaigh Michael Choilmín Val Ó Loideáin agus Cóil Beag Mac an Iomaire iad. Bhuaigh sí an geall ag Lá'l Mhic Dara sa mbliain 1978. Bhí John William dá gabháil. Seoladh í go dtí timpeall na bliana 1981.

Bhí Tom Deáirb sa mbaile as Meiriceá sa mbliain 1983 agus chuir sé ceist ar John Deáirb cén bád mór a cheannódh sé dá mbeadh airgead aige. "Ceannaigh **An Meiricean**," a deir John. Bhí sí craite go maith ag an bpoinnte seo ach shocraigh Tom í a cheannacht ar £4500.

Ar nós go leor eile bhí gaol ag muintir Deáirb leis an bhfarraige. Chuaigh Colm Deáirb, a bhean agus a chlann amach ar an Oileán Mór sa mbliain 1916 as Doire Fheárta. Bhí bád ag Deáirb, **An Roc**. Is inti a tháinig Peaitsín John, a bhean agus a chlann amach as Gaillimh tar éis dóibh bheith i Meiriceá. Bhí **An Lovely Ann** ag Cóil Choilm Deáirb, gleoiteog mhór a tharraing móin go hÁrainn, beithigh agus a rinne iascach. Bhí inneall ag Cóil inti agus mar adeir John Deáirb "sí a thóg muid". D'fhág siad an tOileán sa mbliain 1969. Díoladh an bád le Máirtín Bán agus dhíol Máirtín í le Jim Packinson sna Cealla Beaga.

Ach le filleadh ar An Meiricean Mór. Tharraing Pádraig Mháirtín Shéamais Ó Cualáin as Leitir Ard aniar í go Caladh Thaidhg. Thug John Deáirb go dtí an tOileán Mór í lena churach féin agus as sin go Dún Mánus i gCamus. Rinne Colm



Thuas: "Nuair a gheobhas sí an chóir tá togha fear dhá góil, Tá ceol ag an gcrann is ag na láinnéir." John Deáirbe ar an halmadóir agus a dheartháir Michael.

Sa Lár Tom Deáirbe Ó Flatharta, úinéir an Mheiricean Mhóir ar dheis. In éindí leis ar chlé tá Rí na nAmhrán, John Beag Ó Flatharta agus sa lár Rí na mBádóirí, Beartla King.

Thíos: Cóil Choilm Deáirbe chun tosaigh agus in éindí leis tá ó chlé Mícil Ó Griofa, John Deáirbe, Tom Rua Mac an Iomaire, John Beag Ó Flatharta agus Peadar Ó Flatharta. Tógadh an pictiúr seo an lá deireannach a raibh Cóil Choilm Deáirbe ag seoladh ar an Meiricean.

Breathnach agus Pádraig Deáirb suas í 1984, agus mar adeir Tom a' tSeoige.

"Orlach níl cam ó phosta go ball, Níl marach ar chlár ná ar mhaide".

Tugadh ar ais go céibh Dhoire Fheárta í agus ghearr John agus Tom seolta di. Sheol sí go hÁrainn La'l Peadar is Pól na bliana sin. Is iomaí geall atá buaite ó shin aici agus John dá gabháil.

Chuaigh sí go Ciarraí sa mbliain 1987 agu bhuail sí an Mac Duach le fad an bhowspit. Sheol sí i bPort an Phéire i gCo. an Dúin cúpla bliain ó shin. Bhí sí le feiceáil go minic ar RTÉ ag Éamonn de Buitlear agus ar chlár a rinneadh faoi Mháiréad Ní Chualáin as Inis Oirc. Deir John liom go dteastódh beagán oibre uaithi anois agus crann nua ach mar a deir an fear eile "Tá géim sa gcailleach fós," mar bhuaigh sí trí gheall i 1996, Cloch na Rón, Cuigéal agus Cill Chiaráin. Go mba fada buan clann Chóil Choilm Deáirbe, an criú a sheolann í agus an bád **An Meiricean Mór**.

"Nuair a gheobhas sí an chóir, tá togha fear dá gabháil, Tá ceol ag an gcrann is ag na láinnéar Ó, iompróidh sí an seol gan maing ná stró Is tabharfaidh sí an chraobh go Doire Fheárta."



Tigh Henry

An Droim, Leitir Mór
Teil: 091-551106

Beár, Ceol & Craic

—Seirbhís Sochraide—

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

AN CHISTIN

AN CHEATHRÚ RUA

*Teach Spóirt, Ceoil agus Craic
Bia agus Deoch*

Muintir Sé

Fón: 091-595151



an bradán feasa

45 Sráid Doimín, Gaillimh
Fón: 091-567824 Facs: 091-563699

*Ionad Eolais Chonradh na Gaeilge
Seirbhísí Oifige: Fótóchoipeáil, Clóscriobh, C.V.,
Scanóir, Aistriúcháin agus go leor eile.*

TIGH LEAVY

**BEÁR & DEOCHLANN
BIALANN & SIOPA**

**CILL CHIARÁIN, CONAMARA
FÓN: 095-32230**

Cniotáil Ros Muc

**Earraí Cniotáilte déanta uilig in Éirinn
Gach saghas earraí cniotáilte ar fáil
Beidh fáilte romhat
Buail isteach chugainn**

Pádraig agus Mairéad Ní Chonaire
Gort Mór, Ros Muc
Fón: 091-574172 Facs: 091-574291

COMHAR CAOMHÁN TEORANTA

Inis Oírr, Oileáin Árann

• Comharchumann Forbartha Gaeltachta •

*Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara & Árann*

Ag Féile Amharclainne Átha Cliath 1996
Duais-Dhrámaí Nuascríofa in Amharclann Choláiste Mhuire

12 Deireadh Fómhair: TOBAR FIONNUISCE
Dráma nua le Rónán Ó Donnchadha á léiriú ag
Aisteoirí Illdaite, Ollscoil Átha Cliath

19 Deireadh Fómhair: SARAH SCANLON
dráma nua le Helen Hallissey á léiriú ag NA FÁINLEOGA, Corcaigh

Airithint: An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, B.Á.C.
Teil: 01-4783814



An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Ronnie's Everfresh

Teil: 091-595222

**Níocháin Cairpéidí & Cumhdaigh
Foltfolcadh Cumhraithe
Ionad Níocháin & Tirimghlanadh
Seirbhís Níocháin & Deisiúcháin
Seirbhís Bailiúcháin ar fud Chonamara**

Ionad Níocháin na Ceathrú Rua

Sraith na mBád Seoil

Is cosúil den dara bliain as a chéile gur ag An Tónaí, bád Mháirtín Uí Bhriain, atá an bua fáighte i Sraith na mBád Mór. I mbliana tá An Tónaí fiche pointe chun tosaigh ar an St. Jude. Tá pointe amháin idir An Maighdean Mhara agus an Meiricean Mór agus dhá gheall fós fágtha ar chlár na bliana — Inis Oírr agus Cill Éinne.

Bhí an-choimhlint i mbliana i sraith na leath-bhád idir An Swan, bád Mhichaelín Johnny ón gCeathrú Rua agus Bláth na hÓige, bád Phádraig Chóilínó Charna. Bhí An Swan 40 pointe chun tosaigh ar Bhláth na hÓige, anuraidh ach níl ach 9 bpointe eatarthu i mbliana. Cloistear dúinn go bhfuil ceist ardaithe faoi na poinntí a tugadh don Swan ag Féile an Chuigéil. De réir na dtuairiscí níor tugadh cead do Bhláth na hÓige ná don Lord páirt a thógáil sa ngeall mar go raibh an rása tosaithe nuair a shroich an dá bhád Cuan Chaisín. Deirtear linn go raibh moill orthu ag tócht aniar mar gheall ar cheo trom an mhaidin sin. Má fhágtar an 10 bpointe ag an Swan as an Chuigéal is ag Michaelín Johnny Ó Flatharta a bheas an bua den dara bhliain as a chéile.

Níl spás againn ar an leathanach seo leis na gleoiteogaí go léir a liostáil. Tugtar anseo na cinn is mó a bhí páirteach sna geallta. Sé John Deairbe Ó Flaithearta sa gCaroline Anne a thabharfaidh an chraobh leis i mbliana. Tá sé 14 phointe chun cinn ar an McHugh agus gan ach geall amháin i gCuan Casla le reachtáil sa tsraith. Is maith an aghaidh air é.

Nóta: Níl torthaí ón Spidéal san áireamh mar nach bhfuil Féile na gCurachaí páirteach i Sraith na mBád Seoil.

Buíochas le Séamas Jimmy Mac Donncha agus le Seánín Pheter Mac Donncha as torthaí a chur ar fáil.

BÁID MHÓRA

	St. Jude	Tónaí	American Mór	Maighdean Mhara	Fámaire	Capall	Mac Duach
An Cladach	8	10	-	0	-	7	-
Inis Mór	-	10	0	-	-	8	-
Bóthar na Trá	10	7	-	8	-	-	-
Féile Mhic Dara	8	10	-	7	6	-	-
Cloch na Rón	7	8	10	-	6	-	-
Cuigéal	5	8	10	7	-	6	-
Cinn Mhara	-	10	-	8	-	-	7
Caladh Thaidhg	6	10	7	8	-	-	-
Cill Chiaráin	7	8	10	-	-	6	-
Iomlán	51	81	37	38	12	27	-

LEATH BHÁID

	Traonach	Swan	Bláth na hÓige	Lord
Cladach	-	-	10	-
Bóthar na Trá	-	10	8	-
Féile Mhic Dara	-	10	7	8
Cuigéal	-	10	-	-
Cloch na Rón	-	10	8	0
Cinn Mhara	7	8	10	-
Caladh Thaidhg	-	10	8	7
Cill Chiaráin	-	10	8	7
Iomlán	7	68	59	22

GLEOITEOGA BEAGA

	Caroline Ann	Ceol na Mara	Dún Mánas	Nóra Bheag	McHugh	Pat Mhichael	Corr na Cleithe
Cladach	-	-	7	10	-	-	-
Bóthar na Trá	8	-	7	10	-	-	-
Féile Mhic Dara	8	6	-	-	10	-	7
Cuigéal	10	7	-	-	8	5	6
Cloch na Rón	6	7	-	-	10	-	8
Cinn Mhara	10	-	6	-	8	7	-
Caladh Thaidhg	10	8	-	-	6	5	-
Féile na nOileán	10	5	-	-	7	8	6
Cill Chiaráin	8	10	-	-	7	6	-
Iomlán	70	43	20	20	56	31	27

Ceol agus Ceoltóirí Ceoláin agus Ceoltóirí

Seo thíos sliocht as léacht a thug Joe Steve Ó Neachtain do Chumann Mherriman i mbliana.

Ceol na gCeolán

Is iondúil gur spriósán beag gaisciúil a bhíodh sa cheolán, é ag dul ag déanamh cat is dhá dhrioball má b'fhíor dhó fhéin, ach fios againne go maith gur ar éigin a bhí sé de ghus ann an slabhra a tharraingt tar éis an leithreas a úsáid.

Ba mhór a' peaca marfach i mo thuairimse an focal ceol a bheith luaite lena ainm mar gur mianach difriúil amach is amach a bhí sa gceoltóir.

Bíonn ceoláin le feiceáil ar an teilifís go rialta a bhfuil oiread cáil bainte amach acu le Íosa Críost. Tá na ceoláin seo ag fáil níos mó airgid as coirmcheoil amháin ná mar a shaothraíonn an chuid is mó againn go cneasta ar feadh ár saoil. Níl d'amhrán acu go minic ach líne agus gan an líne sin fhéin le tuiscint ná le cloisteáil.

Feicfidh tú duine amháin ar choirnéal an árdáin mar bheadh sé ag lascadh seancheaintíní le maide ar a mhionda. Feicfidh tú ceann eile ag dul treasna an árdáin faoi chumhacht is feac a ghiotáir amach roimhe amhail is dhá mba ag dáir bó leis a bheadh sé. Is iondúil leo a bheith fíoraclaí agus go maith ag grágaíl.

Tá scoth córas fuaime agus tá scoth córas soilse acu. Tá scoth feistis ortha nó níl féisteas ar bith orthu de réir mar a fheileann. Tá chuile rud dhá fheabhas acu ach amháin ceol.

"It's the Drums, Joe"

Ach mar sin fhéin caithfear a rá go bhfuil an t-aos óg faoi dhraíocht acu.

"Tá an chosúlacht ann faoi láthair go bhfuil Raidió na Gaeltachta idir cheol agus friotal dhá chur in oiriúint do phobal Gaeilge na tíre. Dhá chur in oiriúint do na Tam Ratings"

Feicfidh tú iad, lán urláir acu, chomh brúite ina chéile le slua ag teacht amach ó chluiche. Iad ag dhul i bhfiántas agus suas ar dhromanna a chéile ag iarraidh láimh a leagan ar an mbanna ceoil. Lagar ag teacht ar chuid acu le teann corraíola. Na deora ag silt le cuid acu le teann grá do na ceoláin. An slua ar fad ag luascadh anonn is anall mar a bheidís faoi dhraíocht ag an gceol nó ag an ócáid.

Ní dóigh liom gur faoi dhraíocht a bhíonn siad ach faoi hipnóis. Sílimse gurb iad na soilse agus an fhuaim a chuireann faoi hipnóis iad. Tá sé deich mbliana fichead ó dúirt fear a bhí fíorchríonna agus fíorléannta liom é agus muid ag tógáil Scoil an Turlaigh Bhig.

'It's the drums, Joe,' a deir sé. Drums? a deirimse. 'Yes,' a deir sé. 'It's the drums that's driving the young people crazy.'

RnG is na Tams

Tá a fhios agam nach gcreidfeadh aos óg an lae inniu go mbíodh muidne ag éirí ó thalamh sna hallaí damhsa inár lá fhéin. Go dtéadh muid i bhfiántas le teann ríméid ag damhsa Chaidhp a'

Chúil Aird. Go mbíodh chuile láimh ar aon fhilleadh agus chuile chois ar aon bhuille le rithim an cheoil. Is iondúil nach mbíodh i láthair ach ceoltóir amháin gan córas fuaime ná córas soilse.

Cuimhním ar mo mhama an créatúr a d'éiríodh i lár an urláir nuair a thagadh port breá croíúil ar **Raidió na Gaeltachta**. Mheas sí i gcónaí go mba pheaca marfach é port maith a ligean amú gan cois a bhualadh air.

Cuimhním ar an linn sin daoine agus ar an sásamh a bhain siad as na hamhráin agus as an gceol ar an Raidió - an t-aon mheán nádúrtha cumarsáide dhá raibh ná dhá bhfuil sa nGaeltacht agus cuireann sé muisiam orm go mbeadh daoine chomh dícheillí is go mbeadh siad ag moladh ceol na gceolán, a chur in ionad ceol na gceoltóirí. D'éist-eodh níos mó den aos óg leis, a deir siad. B'fhéidir go n-éisteadh nó b'fhéidir nach n-éisteadh. Ach cé leis a n-éisteadh mo linnse má thruaillítear an t-aon mheán dhár chleacht muid ariamh.

Go deimhin nár throid muid go crua len í a fháil aimsir Chearta Sibhialta?

B'fhéidir gur mheas daoine go raibh lucht na gCearta Sibhialta garbh agus mímhúinte ach bhí muid bródúil as na torthaí agus ba é Raidió na Gaeltachta ceann de na rudaí ba thábhachtaí dár baineadh amach.

Marach gur bunaíodh Údarás na Gaeltachta a chuir roinnt oibre ar fáil sa mbaile agus Raidió na Gaeltachta a chraol cláracha a bhí nádúrtha dhúinne b'fhurasta breith ar dhriobaill ar an nGaeltacht inniu.

Tá an chosúlacht ann faoi láthair go bhfuil Raidió na Gaeltachta idir

cheol agus friotal dhá chur in oiriúint do phobal Gaeilge na tíre. Dhá chur in oiriúint do na Tam Ratings.

Creidimse gur cheart go mbeadh seirbhís den scoth ag chuile Ghaeilgeoir ar an oileán seo. Ach faraor ní mar a chéile an cineál cláir raidió atá feiliúnach in aon cheantar. Níl muidne ag iarraidh ach go bhfágfaí againn an t-aon mheán cumarsáide gur féidir linn ár gcuid fhéin a thabhairt air.

Sílimse marach go raibh an raidió againn nach mbeadh leath oiread borradh faoi na hamhráin sean-nóis ná faoin gceol Gaelach.

Tá mé cinnte nach gcloisfí go brách na hamhráin nua scríofa agus nárbh fhiú bheith dhá scríobh marach an Raidió bheith ann len a gcearabhscaoil-eadh.

Ní hé amháin sin ach is ar an raidió a chloisfeas tú cá mbeidh an gabhar á

róstadh, mar a deir muintir Chiarraí.

Ceol na dTithe Ósta

Níl aon teach ósta sa tír seo anois nach bhfuil ceol ag dul go haer ann feictear dhomsa.

Níl a fhios agam ó Dhia thuas na glóire cén fáth a gcaithfidh sé bheith casta suas chomh hár. Cuireann sé seabhrán i mo dhá chluais. Tá tú ansin ag iarraidh cupla focal a rá le duine éicint agus tú ag screadach i mbarr do chinn is do ghutha.

Is gearr go mbuaileann píoblach mé, go mbuaileann slócht mé is go n-imíonn an chaint ar fad. Is gearr go n-imíonn an t-amharc as mo shúile de bharr deatach tobac. Níl tú 'with it' ceart i dteach ósta mara bhfuil scór fags amach romhat ar an gcabhanntar is tú dhá lasadh as fad a chéile. Dhá gcuirfidís ina bpóca as an mbealach iad b'fhéidir go

ndéanfaidís dearmad ar chorrcheann ach mo léan is mo chreach is beag an baol. Deirimse leat gur daor an ailím do mo leithéidse oíche cheoil i dteach ósta. Cosnóidh na cúpla deoch scór punt ar an laghad is caithfidh mé scór eile a thabhairt don dochtúr an lá dár gcionn le breathnú síos imo sceadamán, mar a deir an fear Thír Chonaill.

Ach taithníonn an cineál sin ocaíde le mór chuid daoine, ocaíd atá go maith don croí ach go dona don sláinte. Nár lig Dia go dtiocfaidh deire go deo leis an nós mar sin féin. Thabharfadh mórchuid de oíge an domhain a dhá súil ar an sult a bhaineann oíge na hÉireann as an Tigh Ósta. Ní bheinnse ag iarraidh ach é a chasadh síos de bheagán mar nach bhfuil mo chuid sean chluasa in ann aige.

Nuair is seisiún atá i gceist agus na ceoltóirí ag casadh dhá chéile go nádúrtha, níl sáru an tí ósta

ann le scoth an cheoil a mhealladh as na ceoltóirí. Dúnann scoth an cheoil béal na ndaoine agus tosnaíonn na huirlísí ag caint.

Croí an Cheoil

Is beag uirlis cheoil a bhí ar an mbaile againne le linn m'óige ach mar sin fhéin níor fhág sin gan ceol muid. Ní ó raidió ná ó theilifís a fuair muid é ach oiread, mar nach raibh a leithéid ann. Is amhlaidh a tharla sé go nádúrtha. Chloisfinn mo mháthair ag crónán amhráin ag dul ar fud a tigh ag déanamh a cuid oibre. Chloisfeá **Séamus Churraoin** leath mhíle ó bhaile ag gabhail fhoinn agus bord feamainne aige ar an gcapall.

Dearfaí leat stopadh ag obair agus éisteacht leis an lon dubh nó leis an smól-ach ag ceol ar an gcearabhs.

D'fheicinn Bid, mo aintín, ag cur píosa pháipéar os cionn ráca gruaige agus í ag

Jackie Ó Cualáin

Cárna, Co. na Gaillimhe
Fón: 095-32331 Facs: 095-32532

— Member of the National Housing Building Scheme Guarantee —

CONRAITHEOIR TÓGÁLA

SEIRBHÍS TÓGÁLA AR FUD CHONAMARA

NÍL AON JAB RÓ-BHEAG NÓ RÓ-MHÓR DHÚINN.

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca

Ar lean ó lch 11

baint cheoil as. D'fheicinn ag suí síos sa ngarraí í aimsir bhaint an fhéir agus í ag máisiú giosadain leis an gcorrán nó go mbíodh sí ábalta cupla nóta a bhaint as.

Chloisfheá amhrán ag teacht chugat ar an ngaoth i mbrothall an lae agus daoine ag gabháil fhoinn i gcladach agus ar phortach le teann sásaimh ar a gcuid oibre.

"Is fuar an fhuil a thréigean an nádúr."

Tá sé nádúrtha go lean-fadh daoine óga an fáisiún agus is amhlaidh leis an gceol é. Ach is tiúcha fuil ná uisce agus is fuar an fhuil a thréigean an nádúr agus is iondúil leis an aos óg filleadh ar an nádúr ceolmhar as ar shíolraigh siad nuair a bhíonn a ndúil bainte as ceol na gceolán acu.

Sílímse gurb é an ceol croí na hÉireann de bharr go bhfuil croí i gceol na hÉireann. Is é an croí atá i gceol na hÉireann a dhéanann náisiún mór den náisiún beag seo ar fud an domhain.



Joe Steve Ó Neachtain ag éisteacht le Maití Joe Shéamais Ó Fátharta ag an oíche áirneáin, Tigh Pheadair Mhóir ar an mBánrainn le linn Phléaráca anuraidh. Beidh áirneán na bliana seo ar bun Dé Máirt, 17 Meán Fómhair.

Oireachtas na Gaeilge 1996



GAOTH DOBHAIR

25 Deireadh Fómhair – 3 Samhain

Fáiltiú an Oireachtais • Club na Féile • Comórtais Sean Nóis — Corn Uí Riada
Coirm Cheoil an Oireachtais • Oscailt Oifigiúil an Oireachtais • Scléip na hÓige
Comórtas Ghaeltachta • Léacht an Oireachtais

Breis eolais ó:

Liam Ó Maolaotha
Stiúrthóir an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Fón: 01-4753857 01/4757401 Facs: 01-4758767

Máire Mhic Niallais
An Chrannóg
Na Doirí Beaga
Leitir Ceanainn, Tír Chonaill
Fón: 075-32208

Gaisce Uí Chonaola

'Nuair a bhí mise óg in Éirinn fadó ní raibh mé cosúil leis an gcuid eile de na gasúir ar chor ar bith. Ní bhínn ag corraí timpeall mórán. Ní bhínn ag béiceadh, ná ag caitheamh anuas rudaí de na seilfeanna mar is gnách le gasúir bheaga eile a dhéanamh. Bhí mé chomh leisiciúil sin gur thug chuile dhuine an Gaiscíoch Beag orm le searbhas agus magadh.'

Is mar sin a thosaíonn 'An Gaiscíoch Beag', leabhar do ghasúir a scríobh an tÁrainneach, Dara Ó Conaola, sa mbliain 1979 agus atá ar cheann de na leabhartha is fearr a scríobhadh do ghasúir atá ar fáil inniu. Ábhar dóchais dúinn go bhfuil an scríbhneoir céanna i mbarr a mhaitheasa ag scríobh leis i gcónaí. Ní ar an leabhar seo amháin a sheasann cáil an scríbhneora seo, ach ar a shaothar do dhaoine fásta freisin, an dá chnuasach gearrscéalta *Mo Chathair Ghríobhain* agus *Anuigh Liom Féin*, chomh maith leis an úrscéal do dhéagóirí *Misiún ar Muir*. Ní gasúir bheaga amháin a bhainfeas sult agus spraoi as *An Gaiscíoch Beag*, ach duine ar bith a bhfuil grá aige do dheascríbhneoireacht agus do rithim is draíocht an bhéaloidis, mar atá sa sliocht seo thíos ina bhfuil cur síos ar an gcláomh a d'iarr an gaiscíoch beag ar an ngabha.

'Déanfaidh tú cláomh dom, a ghabha, más é do thoil é.... Cuirfidh tú cloigeann airgid air.... Cuirfidh tú seacht faobhar air: an chéad fhaobhar; faobhar an bhearrtha; faobhar an fheannta; faobhar an ghearrtha; faobhar a bhearrfas, a fheanfas, agus a ghearrfas in éineacht; faobhar os cionn faobhair; agus faobhar eile ar fhaitíos go gclisfeadh ar na faobhair eile'

Scéal sciobtha drámatúil atá ann a chothódh dúil sa léitheoireacht sa duine óg. Ina chathréim éachtmhar ní spáráileann an gaiscíoch beag fathaigh ná cailleacha. I sliocht amháin as an scéal tá an gaiscíoch i dtéach na caillí.

'Anonn léi go dtí an cófra mór. Thóg sí an clár agus bhreathnaigh síos ann. Chuaigh mé taobh thiar di go tobann agus chaith mé isteach sa chófra í. Dhún mé an clár uirthi. Thosaigh an réabadh thíos ann agus chroch sí aníos an clár. Chuir sí aníos a cloigeann agus nuair a chuir tharraing mé buille den chláomh sa mhuineál uirthi agus bhain



mé an cloigeann di. D'éirigh an cloigeann chomh hard leis na frathacha. Tháinig sé anuas arís agus rinne sé iarracht dul ar an an gcolainn arís. Ach bhí mise ann roimhe agus thug mé buille dó a chuir píosa maith as láthair é.

"Á" a deir an cloigeann ansin, "dá bhfaighinnse mé féin ar an gcolainn arís, lianna na bhFiann ní bhainfeadh de mé."

"Nuair a bhí tú uirthi," a dúirt mise, "ba dhona thú."

Thug mé speach eile ansin dó a chuir amach tríd an díon é. Níor chuir sé aon ghiog eile as. Chuir sin deireadh leis an gCailleach Mhór agus a triúr mac.'

Ní féidir trácht a dhéanamh ar an leabhar seo gan an obair ealaíona inti a lua. Harry J. Sharpe a rinne na pictiúir a chuireann go mór leis an scéal agus le taitneamh an léitheora.

Leabhar í seo atá le ceannacht agus le coinneáil, le léamh agus le athléamh. Tá mo chóipsa faoi mo philiúr agam!

An Gúm a d'fhoilsigh *An Gaiscíoch Beag* le Dara Ó Conaola



Cré na Cille, Faoi Dheireadh

Tá eagrán nua de 'Chrú na Cille' le Máirtín Ó Cadhain le lánseáil i dTigh Choilm Mharcuis ar an gCoill Rua in Indreabhán le linn Phléaráca Chonamara.

Buíochas mór le mac dílis Dé! Tar éis an oiread sin scéalta ag teacht salach ar a chéile le bliain anuas, gan trácht ar an ráfla go raibh dream eicint i mBéal Feirste le heagrán bradach a chur amach, tá sé deimhnithe anois go mbeidh an t-úrscéal is cáiliúla i nGaeilge faoi chló arís.

Dé hAoine, 20 Meán Fómhair an lá mór. Beidh Tom Phaidí Mac Diarmada ann chun an leabhar a lánseáil agus beidh Máirtín Ó Cadhain, mac dearthár leis an gCadhach i láthair chomh maith le Caoimhín Ó Marcaigh ó na foilsitheoirí Sáirséal agus Ó Marcaigh.

Sé Tomás De Bhaldraithe, a fuair bás i mbliana, eagarthóir an eagrán nua. Deir Caoimhín Ó Marcaigh linn gurb é an treoir a thug sé dó an leabhar a chur in oiriúint don ghlún óg léitheoirí. Ní an Caighdeán Oifigiúil atá i gceist ach an oiread den chaighdeánú a rinne an Cadhnach é féin ina leabhar deiridh 'An tSraith Tógtha', nár foilsíodh go dtí 1977.

Sé Liam Miller, nach maireann, a bhain ardcháil amach le Dolmen Press, a rinne an dearadh. Deir Caoimhín go ndeachaidh Liam i mbun na hoibre go fonnmhar agus go mbeidh an leagan nua níos inléite dá bharr.

Siad na seanléaráidí céanna le Cathal Ó Luan a bheas san eagrán nua. Ní bheidh réamhrá, nótaí, gluais ná foclóir ann. Tá súil go mbeidh an leabhar sna siopaí ag tús Meán Fómhair.

Tá moladh mór ag dul do chuile dhuine a raibh baint acu leis an obair seo. Tá muid ar bís.

— Daithí Ó Muiri



Nóra Ghriallais i mbun amhránaíochta in Óstán an Dóilín le linn Phléaráca Chonamara amuraidh le cúnamh ó Dara Bán Mac Donncha. [Pic: Aodán Ó Conchúir]

An Sean-Nós agus an Nua-Nós

Pádraig Seoighe

Is ceist le cur céard is brí le sean-nós? Is ceist freisin ná céard is nua-nós ann? Is furasta minniú a thabhairt ar nua nós. b'fhéidir. Is minic go ndéantar iarracht sean-nós a mhíniú nuair a bhíonn comórtaisí sean-nóis ar siúl cosúil le comórtaisí an Oireachtais. Tugann na moltóirí míniú maith go leor ar an sean-nós is fearr ach b'fhéidir nach mbíonn tréithe iomlána an tsean-nós ag iarrthóirí agus is deacair a dhéanamh amach mar sin céard é scoth an tsean-nóis dáiríre.

Ach ní hé sin ach seo. Meastú an bhfuil an sean-nós ag dul le sruth nó ag meath? Ceist mhaith. Nach fíor a rá taobh amuigh de chomórtais an Oireachtais agus mar sin de go bhfuil an nós nua-aimseartha seo ag tógáil suas áit an tsean-nóis. Ní sa mbád céanna atá sean-nós agus nua-nós mar a dearfá. Tá muid in ann neart samplaí a

thabhairt sa gcás seo go háirithe ó tháinig grúpaí nua ceoil ar an láthair, léitheidí Na hAcairí, Duirling, Beairtle Ó Domhnaill. Tá muid in ann neart samplaí d'amhráin a lua go bhfuil athrú nó crut nua-aimseartha curtha orthu cosúil le hamhráin ar nós 'Púcán Mhicil Pháidín', 'Johnny Seoige', 'Amhrán Chill Dara', 'Amhrán Mhuighinse' agus fiú 'Amhrán Phat Sheáin Ainde'.

Tá crut nua aoiseach curtha ar na hamhráin sin ar fad ag na grúpaí ceoil seo. An bhfeileann sin dóibh. Ceist? Abraíonn daoine áithrithe go bhfuil na hamhráin millte go hiomlán agus nár cheart iad a chasadh le tionlacan in aon chor agus chomh maith leis sin go bhfuil athrú déanta orthu.

Is minic le John Beag Ó Flaithearta mar shampla amhráin sean-nósach a chasadh ar an dá bhealach (sean & nua). Is cinnte

nach gcuirfí crut nua-aimseartha ar amhrán sean-nósach murach go bhfeileann sin dó ar bhealach. Is furasta é seo a dhéanamh i gcás cuid mhaith díobh cosúil le Púcán Mhicil Pháidín nó Amhrán Chill Dara. Ach ní bheadh muid ag súil go dtarlódh seo i gcás na bhfioramhráin sean-nósacha a bhfuil aois fadálach acu agus a gcantar fós féin ag Oireachtas agus mar sin de.

Ar ndóigh tá na mílte amhráin fíor shean-nósach againn a cumadh b'fhéidir céad go leith nó dhá chéad bliain ó shin, ní ionann is na ceanna a lua mé. Ar ndóigh ní mar a chéile aon chineál amhrán sean-nós agus fágann seo go bhfuil sé níos éasca guth nó crut nua-aimseartha a chur le cuid díobh seachas a chéile.

Cá mbeadh muid d'oireasa an tsean-nóis a dearfá. Cá mbeadh muid inniú d'oireasa na ngrúpaí ceoil nua-aimseartha ach oiread. Is cinnte gur maith ann iad agus is dóigh liom go bhfuil dearmad á dhéanamh acu i gcás na n-amhrán mar nach dtarlaíonn sé ach i gcás corr cheann díobh. Is iondúil gur amhráin nua-chumtha a chanann na grúpaí seo den chuid is mó pé scéal é.


Creidim féin go mairfidh an sean-nós agus an nua-nós le chéile anois níos mó ná ariamh agus beidh sin amhlaidh an fhad agus a mhaireas an teanga agus na hamhráin. Bhí neart cumadóirí sean-amhrán i gConamara tráth — liosta fada le lua iad — ach tá neart cumadóirí nua-aimseartha againn freisin le roinnt mhaith blianta mar shampla, Tom an tSeoige, Ciarán Ó Fatharta, Tomás Mac an Iomaire, Tomás Mac Eoin agus a lán lán eile. Tá an t-uafás amhrán nua-aoiseacha cumtha le fiche bliain anuas. Tá siad ag dul ó neart go neart ó shin.

'Ná dean nós agus ná bris nós' a deir an sean-fhocal ach freisin 'ní measa an té a chur ná an té a cháin'.



Helen Mirren agus Fionnuala Flanagan sa scannán *Some Mother's Son* le Terry George (thuas)

Some Mother's Son



'It just goes to show,' a dúirt an Bhean mheasúil sa slua ag déanamh ar an doras amach ón Town Hall, 'that it wasn't worth it.'

Ag an bpremiere Éireannach de 'Some Mother's Son' a bhíomar, scannán déanta ag Terry George bunaithe ar an Stailc Ocras a bhí ar siúl ag príosúnaigh Phoblachtánacha sna Sé Chontae sa bhliain 1981, agus ar bhás Bobby Sands.

Deacair a chreidiúnt go gceapfadh éinne narbh fhiú tada go raibh deichniúr sásta a saol a thabhairt suas, is cuma cén chúis. Ní scaoileann an duine leis an saol go deonach gan chúis láidir.

Baineann an phríomhchuid den scéal le suíomh beirt bhan — beirt nach gcaofadh lena chéile i rith an ghnáthshaoil de bharr

stádais shóisialta — agus an cairdeas a fhásann eatarthu i gcoinne a dtola.

Feiceann muid Fionnuala Flanagan i bpáirt máthar amháin ar fheirm bhocht suite ar an teorainn. Bean gan mórán dóchais, déanta crua ag saol crua le fear a bhfuil fadhbanna sláinte aige. Mac óg maraithe ag na fórsaí slándála. Mac eile ar teitheadh. Bean í seo atá sásta seasaimh a thógáil ar son a cearta, ach a bhfuil an saol tar éis a mhúineadh di nach bhfuil mórán seasamh aici.

Mar mhalairt ar seo casann muid le Helen Mirren, i bpáirt baintrí le triúr gasúr, ag maireachtáil saoil mheánaicmigh mar mhúinteoir ar an mbaile. Ní mórán tionchair a bhíonn ag na trioblóidí ar a saol siúd go dtí an oíche a tógadh a mac i ndiaidh ionsaí a déanadh ar shaighdiúirí i rith imeachtaí an IRA.

Thar oíche osclaíonn a súile ar shaol

eile — saol creathnach, éagórach, digeanta - nuair a chuirtear a mac sa gciollán chéanna le Bobby Sands. Tógann sí ról nua uirthi fhéin nuair a fheiceann sí den chéad uair an chaimiléireacht faoina gcaitheann cuid den daonra an saol.

An dara téama a ritheann tríd an scannán seo ná an cinneadh. An cinneadh do shaol a thabhairt suas 'ar son na cúise', mar a rinne Bobby Sands agus a chomhphríosúnaigh; agus an cinneadh is measa a d'fhéadfadh

h tuismitheoir a thógaint: sé sin ligint do ghasúr léi bás a fháil nuair atá an chumhacht chun iad a leigheas i ndúch an phinn a chuirfeadh síniú ar fhoirm. (Feiceann muid an fhoirm crochta ar cheann na leapa; le síniú an tuismitheora cuirfí fios ar fhoireann a thosnódh an próiseas beathaithe agus leighis).

Domsa, is é seo an phointe is láidre a

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



EANACH MHEÁIN, CONAMARA


Fón: 091-572498/572212 Facs: 091-572214

Feilm Éisg Chuigéil Teo.

An Bóthar Buí, An Cheathrú Rua

Teil: 091-595018

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



thagann trasna sa scannán: na deacrachtaí a bhaineann le meas a fhoghlaím ar rud nach gcreideann tú ann; an ghráin ar seasamh thart agus ligint do do mhac bás a fháil ar son an chreidimh sin; an mothú ciontach gur shínigh tú. Cén chaoi an bhféadfá maireachtáil le gasúr a cheapann gur lig tú síos é féin agus a chairde ar son do leithleasachta féin? Cá bhfaighfeá an neart chun an cinneadh sin a dheanamh?

Ach is é an láidreacht (nó an laige, ag brath ar cén bealach a bhreathníonn tú air), i 'Some Mother's Son', ná an bealach a thaispeánann George an t-ábhar seo trí shuíomh saol daoine difriúla. Ag úsáid scéal na leaids ar an 'dirty protest' sa Maze, taispeánann sé an suíomh ní amháin ó dhearcadh na leaids féin; ach ó dhearcadh

na 'screws'; a muintir; na daoine a bhí ag tabhairt tacaíocht don agóid; agus dearcadh Westminster féin.

Mar sin, tá an scannán oscailte do thuiscint í éagsúla ag brath ar sheasamh an té atá ag breathnú air. Gan aon dabht ní thaitneoidh an íomhá atá tugtha de Westminster agus iad siúd atá ag obair ann, leis na Sasanaigh. Ag an am céanna tá mé cinnte go mbeidh na Náisiúnaigh ag ceapadh nach dtógann sé seasamh polaitiúil, go raibh an chleasíocht a bhí ar siúl ag rialtas Shasana curtha trasna ar bhealach i bhfad ró-dheas, agus gurb í an fhadhb leis an scannán ná nach bhfuil suíomh na hagóide taispeánta le leath a dhothain láidreacht. Níl sé soiléir an é go raibh George ag iarraidh gach gné den

scéal a thaispeáint, nó an é go raibh sé ag breathnú i dtreo cúrsaí dáileacháin agus go raibh imní air go mbeadh na margatí teoranta dá mbeadh an líne níos láidre. Cé go bhfuil an iarracht go maith, ní shásaíonn sé duine ar bith.

Scannán foirfe é, san aisteoireacht agus sa scannánaíocht, déanta ar chaighdeán domhand. Ach ní fhéadfáinn fáil réidh leis an mothú go raibh easnamh eicint sa dráma. B'fhéidir go raibh sé difriúil dóibh siúd a mhair tríd an tréimhse seo sna Sé Chontae. B'fhéidir gur mhúscail sé cuimhní dóibh. Ach domsa? Bhí áthas orm go raibh sé feicthe agam, agus go raibh sé déanta chomh foirfe, ach sa deireadh is scannán a bhí ann — níor fhág sé mé ag macnamh an chuid eile den oíche.

Mar sin féin, tugaim ardmholadh do Terry George go raibh sé de mhisneach aige an scannán a dhéanamh agus gur éirigh leis an smaoinemh a dhíol i margadh nach bhfuil aitheanta le haghaidh spéis mhór i scannán polaitiúil. Tá sé thar am go mbeadh imeachtaí na tíre seo curtha os comhair an domhain, ach níos mó ná sin, os a gcomhair siúd de mhuintir na hÉireann a raibh an rogha acu gan maireachtáil tríd na trioblóidí seo, agus atá scartha go hiomlán ón saol sin.

Ach b'fhéidir ina dhiadh sin go gceapfadh siad, agus iad teolaí i saol compórdach cosúil leis an mbeirt a bhí sa Town Hall an oíche sin, go bhfuil suíomh an taobh seo tíre difriúil; go bhfuil ár gcuid cearta againn cheana féin agus mar sin, narbh fhiú é go léir.

—Mandy Uí Mhurchú

Cúrsa Dioplóma i bhForbairt Phobail

Is í príomhaidhm an chúrsa Dioplóma seo oiliúnt trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach gné de theoiric agus de chleachtas forbartha pobail do dhaoine a bhfuil suim acu oibriú i bhForbairt Phobail sa nGaeltacht. Is cúrsa bliana lánaimseartha (Meán Fómhair 1996—Meán Fómhair 1997) an cúrsa seo, lonnaithe ar an gCeathrú Rua, Contae na Gaillimhe.

Tá tuilleadh eolais agus foirm iarratais le fáil ón Bainisteoir, Clár HORIZON, Cumas Teoranta, An tIonad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe. Is páirtíocht idir Cumas Teo., Coláiste na hOllscoile Gaillimh, Údarás na Gaeltachta, EF agus Clár Eorpach Horizon atá ag tairscint an chúrsa seo.



CUMAS TEO.

Clár Horizon i gCleachtas Forbartha Pobail

Ionad Fiontair, Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Guthán: 091-574035 Facs: 091-574034
E-mail: cumasteo@aonad.iol.ie

Lally Coaches

AN SPIDÉAL, CONAMARA

14-53 Seater

☎ 091-562905

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca

AN CLUBHOUSE

TIGH MHÁIRE & MÁIRTÍN NEE

AN FHAICHE MHÓR, GAILLIMH

Fón: 584643

Go n-éirí leis an tPléaraca

An Ghleoiteog

• BIALANN •

Ros an Mhíl Teil: 091-572237

Stéigeanna • Bia Mara • Sailéidí

À la carte • Fíon

Bia den Scoth - Oscailte 7 lá i rith an tSéasúir

Nioclás P. Ó Conchúir

LEITIR MÓIR

Teil: 551114 (obair); 551102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

Pluiméireacht • Adhmad
Earraí Leictreach • Péint

ELKAY ÉIREANN

CASLA, CONAMARA

Go n-éirí go geal le is an tPléaraca

le gach dea ghruí ó

Colm Ó Mainnín

An Garáiste, Ros Muc

SEIRBHÍS IOMLÁN GARÁISTE

091-574113


CEARDLANN AN SPIDÉIL



Caith seal linn i gCeardlann an Spidéil, áit a bhfuil scoth na ceardaíochta agus ealaíne le feiceáil

Buíochas dár gcustaiméirí uilig

• FÁILTE ISTEACH •




FÉILE CHAITLÍN MAUDE

Ar an 23ú de mhí Meithimh, oíche Fhéil'Sin Seáin, cuireadh tús le Féile Chaitlín Maude ag Aifreann an lae i Seipéal Ros Muc, in ómós don scríbhneoir agus amhránaí cáiliúil a cailleadh agus í óg. Níos deireanaí an mhaidin chéanna i reilig Chill Bhriocáin thug Prionsais Mac Aonghusa agus an tAire Ealaíon, Cultúir, agus Gaeltachta Michael D. Higgins oráid in ómós di. Ina dhiaidh sin ag an teach, inár rugadh í, nocht a deartháir Cyril leacht cuimhneacháin agus tar éis lóin san Ionad Fiontair chuir Máirtín Tom Sheáinín tús le himeachtaí ar an stáitse. I measc na n-imeachtaí, chas Club Óige Ros Muc dreas ceoil agus rinne siad cúpla

agallamh beirte, ansin dúirt Tom Sallí Ó Flatharta dán de chuid Chaitlín Maude. Dúirt Sarah Ghriallais amhrán agus nár laga Dia go deo é, rinne Collín Sheáin Dharach damhsa ar an sean nós. Bhí neart ceoltóirí ann an lá sin agus orthu sin bhí Maltí Joe Shéamais, Johnny Phádraig Phetuir, Páidí Breathnach agus Luisne Ní Neachtain agus chas siad go dtí deireadh an lae. Baineadh sult as na himeachtaí ar fad agus rinne Sibéal Ní Mháille agus na daoine óga eile a thug cúnamh obair dochreidte dá eagrú. Níos deireanaí lasadh tinte cnámh agus bhí oíche go maidin ann. Tá muid ag súil leis an gcéad cheann eile!

FILÍOCHT CHAITLÍN MAUDE

le Bríd Ní Chartúir



An leac cuimhniúcháin a nochtaiodh Mí Meitheamh na bliana seo le linn Éigse Chaitlín Maude.

Chuir an tAthair Séan Ó Donnchú Caitlín Maude i gcosúlacht le duine a chuaigh amach ar an bhfarraige ard, i gcurach beag a cuid samhlaíochta, go ndeachaigh sí ag iascaireacht agus gur thug sí arais climín álainn dánta a bhfuil beomhaireacht, sólás, solas agus an-fhirinne iontu. Is álainn go deo an cur síos é sin ar fhilíocht Chaitlín Maude. Bheadh sé deacair cur leis an léargas a thug sé ar a cuid filíocht ina sheanmóir ag an Aifreann ag Éigse Chaitlín Maude, le gairid.

Téama na coimhlínthe sioraí idir dea-thréithe agus droch thréithe an duine atá sa dán Comhghairdeachas. Cé acu a fhaigheann an lámh in uachtar? Tá an file searbhúsach faoi 'diabhail dubha éad-mhara' an uabhair i nádúr an duine. Tá míshuaimhneas agus mí shástacht an fhile le feiceáil sna focail láidir, géar... 'mo ghairdeachas stróicthe stiallta ... gur chaoineas le déistin'.

Cuireann an file rúndiamhar an tsaoil os comhair ár súile, 'maireann muid ó ló go ló le 'móide' is 'lúide'. Níl a fhios ag an duine cén casadh is féidir thíocht roimhe sa saol. Cuirtear in iúil sna híomhánna éagsúla go bhfuil tús, lár agus deireadh le chuile shaolré daonna.

An fhad agus atá tú beo, tá rudaí i do shaol ag fáil bháis agus scéil do shaol ag athrú, an chiall a bhaineann mise as 'Dán'. Tá uaigneas an tsaoil sa véarsa deiridh. Is iomaí uair a bhíonn an saol crua agus deacair. Tá bás taobh istigh den bheatha i gcorcal an tsaoil. Adhmhaíonn an file gur 'tocht rómhór é tocht na beatha'.

Tá buairt agus briseadh croí dá

Impí

A ógánaigh,
ná tar i mo dháil,
ná labhair...
is binn iad
briathra grá -
is binne aríst
an friotal
nár dúradh ariamh -
níl breith
gan smál -
breith briathar
amhlaidh atá
is ní bheadh ann
ach 'rogha an dá dhiogh'
ó tharla
an scéal mar 'tá
ná bris
an ghloine ghlan
'tá eadrainn
(ní bristear gloine
gan fuil is pian)

óir tá Neamh
nó Ifreann thall
'gus cén mhaith Neamh
mura mairfidh sé
go bráth? -
ní ifreann
go hifreann
iar-Nemhe
impím aríst,
ná labhair,
a ógánaigh,
a 'Dhiarmaid',
is beidh muid
suaimhneach -
an tuisceint do-theangmhaithe
eadrainn
gan gair againn
drannadh leis
le saol na saol
is é dár mealladh
de shíor -
ach impím...
ná labhair...

Comhghairdeachas

Rinne gairdeachas -
thraoslaíos leo -
gháir siad
'gus bhíodar buíoch
ach d'ealaigh
diabhail dhubha
éadmhara
aniar as
cúinní dorcha
a n-anama
gur fágadh ansin
mo ghairdeachas
stróicthe stiallta
eatarthu
'gus gur chaoineas
le déistin...

Dán

Maireamuid ó ló go ló
le 'móide' is 'lúide'
báis is beatha
Ní boladh beag é
boladh an bháis
ach is boladh mór é
boladh beatha
tachtadh beag é
tachtadh an bháis
ach is tocht rómhór é
tocht na beatha

Le cead ón Dr Chiarán Ó
Coighligh, Eagarthóir,
Caitlín Maude, Dánta

Níl ach bean amháin ainmnithe ar an leacht cuimhneacháin ar an Turlach Beag, a chuir Conradh an Gaeilge suas sa bhliain 1993 (nuair a bhí an Conradh féin céad bliain d'aois) in onóir daoine de bhunadh Ros Muc agus daoine eile a chónaigh san áit, a sheas leis an nGaeilge, leis an bpobal agus leis an náisiún. Sin í **Caitlín Maude**, file, amhránaí, múin-teoir, trodaí ar son chearta ban agus bean a sheas agus a throid nuair ba call sin ar son a cuid prionsabail.

"Dá mba beo di, déarfainn go mbeadh sí ag cur cumann cearta pobail ar bun". Sin mar a labhair **Prionsias Mac Aonghusa** faoi **Chaitlín Maude** ina aitheasc in omós di ag an Éigse i mí Meitheimh na bliana seo.

Maidir lena saol ealaíonta, chaith sí tréimhse maith ag aisteoireacht, ar an méan-scoil, ar an Ollscoil, sa Taibhdhearc i nGaillimh agus sa Damer i mBleá Cliath. Bhain sí árd cháil amach mar amhránaí ar an sean-nós. D'éisigh Gael Linn ceirnín léi, *Caitlín*, i 1975.

Théis di bás a fháil i 1981 le ailse, foilsíodh cnuasach dánta léithi i 1984 agus chuir **Ciarán Ó Coigligh** leabhar dá cuid dramaíochta agus próis in eagar chomh maith.

Dúirt Caitlín fhéin, faoin bhfilíocht: "Sílím gur fuinsean de chuid na n-ghlaíochta agus an anama an fhilíocht agus go bhfuil cuid den fhilíocht chomhaimseartha ró-intleachtúil in ainneoin nach

CAITLÍN MAUDE

1941-1982



Tá muid go mór faoi chomaoín ag Muintir Kenny agus An Dámhlann, *An Spidéal*, as an grianghraf seo a chur ar fáil dhúinn.

fuinsean de chuid na hintleachta an fhilíocht ar chor ar bith... Athraíonn (an fhilíocht) do thuisceint nó ba cheart go n-athródh... santaíonn muid uilig an aontacht. Sin, dar liomsa, aidhm na healaíne.'

Bhí sí tógtha le cearta pobail, teangan agus tíre. Tír ghrá-thóir a thug Prionsias Mac Aonghusa uirthi. "Nuair a smaoiním ar pholaiteoirí, smaoiním ar chaimiléirí" a dúirt sí babhta ar chlár teilifíse.

Duine polaitiúil a bhí inti. Thug sí tacaíocht don fheachtas in aghaidh an Chomhargaidh. Bhí sí páirteach sna máirseálacha ar son na stailceoirí ocrais sa gCeis Fhada. Thabhaigh sí le hagóid *Mhisneach* ag Éigse Pheadair Uí Dhoirín sa mbliain 1969 cé go raibh sí fhéin ar dhuine de na léachtóirí.

Dúirt a máthair go raibh sí an-tógtha le bheith ag staidéar nuair a bhí sí óg agus go raibh sí róthuisceanach dá haois ar bhealaí. Dúirt a hathair gur dhúirt Caitlín í féin gurbh é an fáth ar thosaigh sí ag scríobh filíochta: ná gur thug sé sásamh intinne di. Dúirt sé go mb'fhéidir go raibh daoine i gceist aici sna píosáí filíochta, agus nach raibh sí ag iarraidh é a thabhairt amach go hoscailte cé hiad féin. Cheap an bheirt acu go raibh sí ag scríobh don dá aicme - léannta agus neamhléannta - agus dá réir sin go bhfuil cuid dá cuid filíochta nach mbainfeadh gnáth-mhuintir na Gaeltachta morán meabhrach aisti.

Duine an-chneasta, an-díreach a bhí inti. Bhí sí in ann iarraidh den teanga a thabhairt uaithi freisin dá mbeadh daoine ann nach dtaitneodh ró-mhaith léi! Fuair sí bás go hóg in aois 41, ar an 6ú Meitheamh 1982. Nochtáíodh plaic práis i gcuimhne uirthi ar thaobh tigh Mhaude i gCill Bhriocáin ag an Éigse i mbliana.

FILÍOCHT CHAITLÍN MAUDE

Ar lean ó lch 11

scrúdú sa trí dhán seo a roghnaigh mé, chomh maith le mothúcháin cosúil le grá, fearg agus greann.

'Is beag rud a tharlaíonn dhuit, a ghoilleann ort nó a dhúisíonn thú, nach bhfeicfidh tú macalla dó i bhfilíocht


Chaitlín Maude, dar leis an tAth Séan Ó Donnchú. Luaigh sé na doimhneachtaí atá i bhfolach istigh ina cuid dánta. Aon duine a bhfuil luí aige le dánta agus a thuigeann scil na gontachta i scríbhneoireacht, bheadh sé tógtha le filíocht **Chaitlín Maude**.

Éalú ó fhreagrachtaí an tsaoil an téama atá in **Impí**. Déanann an dán tagairt den mistéar atá ag baint leis an rud nach ndeirneann nó nach labhraíonn muid lena chéile faoi. Bhí bua faoi leith aici go raibh talamh Chonamara ag briseadh amach ina cuid scríbhinní mar a dúirt

An tAthair ó Donnchú fuithi. Tá nadúr na háite ina cuid dánta agus tá na focail dúchasach.

File mar sin a fhanann dilís don teorainn idir an dorchadas agus an solas, idir an lá agus an oíche, idir an tsíoraíocht agus an saol seo, tá solás luachmhar ag tíocht óna cuid filíochta a dúirt an tAthair Séan ó Donnchú.

Ní fhéadfadh mé athchoimire níos fearr ná sin a dhéanamh ar chnuasach filíochta **Chaitlín Maude**.



SEÁN MONAGHAN

AGUS AN

MÁIMÍN CAJUN BAND

'DAMHSA AN DREOILÍN'

Ag casadh in Áras Pobail Chois Cuain, Ros an Mhíl • Dé Domhnaigh 22 Meán Fómhair

'AISLING' - Seó Sráide an Phléaráca

Arís i mbliana tá Seó Sráide curtha le chéile ag Scéim Fostaíochta Pobail an Phléaráca agus beidh sé le feiceáil den chéad uair amach os comhair Halla Éinne ar an gCeathrún Rua, ag meánlae ar an Domhnach 15 Meán Fómhair.

'AISLING' is teideal do sheó na bliana seo. Anuraidh léiríodh an seó sráide 'MUIR' le linn an Phléaráca ar an Spidéal. Ina dhiaidh sin léiríodh Muir i mBaile Átha Cliath agus i Sligeach.

Níos túisce an samhradh seo bhí an grúpa páirteach i bparáid mhór

na Gaillimhe, a d'eagraigh Macnas mar chuid de Fhéile Ealaíona na Gaillimhe. Ó shin i leith, tá seachtainí agus oícheantaí fada caite ag scéim an Phléaráca ag obair ar "Aisling" a réiteach.

Tá an téama i mbliana bunaithe go ginearálta ar an aiste 'The Murder Machine' le Pádraig Mac Piarais.

Páirteach sa seó, beidh seisear draoíthe, beirt gléasta mar mhuinteoirí, beirt gléasta mar chúntóirí agus deichniúr gasúr scoile. Beidh aoi speisialta ann chomh

maith, ach caithfidh sibh dul ag an seó chun é seo a fheiceál.

Tosóidh an seó ar shráidbhaile na Ceathrún Rua thart ar an meán lae ar an Domhnach 15 Meán Fómhair agus maireann

sé thart ar 30 nóiméad Bainfidh óg agus daoine níos sine an-sult agus an-chraic as an taispeántas. Agus tá fear na haimsire ag gealladh aimsir bhreá don Domhnach.

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

IASC MARA

Speisialtóirí Bhia Mara

IASC MARA TEO.,
Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-572136



CEIRNÍNÍ GAEL-LINN NUA-EISIÚINTÍ

COLM MURPHY - An Bodhrán

Duine de na bodhránaithe is mó a bhfuil éacht déanta aige chun stádas agus dínit nua a thabhairt don bhodhrán é Colm Murphy.

Le: De Danann, Máirtín O'Connor, Conal Ó Gráda, Frankie Gavin, Alec Finn, Jackie Daly, Séamus Creagh, Seán Ryan, Eoin Ó Riabhaigh, Ciarán Ó Gealbháin, Aidan Coffey.

AOIFE - Aoife Ní Fhearraigh

Taifeadadh draíochtúil a aithníonn an saibhreas ceoil áitiúil a chothaigh tallann agus cumas amhránaíochta Aoife Ní Fhearraigh. Fíorbhlaas d'oidhreacht Cheoil Thír Chonaill

Le tionlacan ó: Noel Eccles, Des Moore, Anthony Drennan, Mel Mercier, Máirtín O'Connor, Nollaig Ní Chathasaigh, John McSherry, Joe Csibi, Máire Brennan, Brídín Brennan, Seoirse Ó Dochartaigh.

gael-linn

26 Ceamóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2



GAN JAH!

An raibh tú ag Craic an tSamhraidh ar an Spidéal nó ag Féile na gCurachai? Má bhí seans maith gur airigh tú ceol Reggaedídí le congaí, dord, trumpa agus meascán aisteach d'uirlisí. Seans gur chríochnaigh tú suas ag bopáil i lár an urláir go dtí moch ar maidin, i ngan fhios duit féin. Cé hiad an dream céanna le canúintí Bhéal Feirste agus fuinneamh aisteach?

Sea, sé Bréag an rocgrúpa Gaelach atá i gceist agus beidh deis agaibh iad a fheiceáil faoi dhó le linn an Phléaráca i mbliana. Tá an banna ceoil seo ag dul i bhfeabhas ó thosaigh siad 5 bhliana ó shin.

Ceathrar atá sa mbanna, Caoimhín Mac Giolla Chatháin (amhránaí, mainilín agus feadóg), Nick Sadlier (dord), Andy Whitson (drumaí, congas) agus Tomás Mac Seáin (trumpa) Bionn ceoltóirí seisúin in éindí leo chomh maith ar an saccsafón, trombón agus bodhrán. Tá dhá théip, 'An Fhírinne' agus 'Jah sa Jungal,' curtha ar an margadh acu agus faoi láthair tá siad ag obair ar cheann nua 'Gan Jah,' a bheas ar fáil mí na Nollag.

Ar an Aoine an 20ú lá, casfaidh siad sa bPoitín Stíl, ar an Lochán Beag — ionad nua ceoil i gConamara. Bí ann luath mar beidh an ceol is an chraic ag tosnú thart ar a deich. An oíche ina dhiaidh, ar an Satharn an 21ú, beidh deis eile ag a lucht leanúna, bobáil le ceol afro-ghaelach Bhréag, in Ostán na Ceathrú Rua. Beidh Na Plandaí — rocbhanna óg ón gCeathrú Rua — ag casadh san Óstán an oíche chéanna agus déanfaidh an fear craiceáilte é féin Rónán Mac Aodh Bhuí cinnte dhó gur oíche chraiceáilte a bheas inti. Déanfaidh sí an-oíche. Bigí ann nó beidh diomá oraibh.

Ceol faoi Lán tSeoil

Ar an gCéadaoin 18 Meán Fómhair beidh grúpa ceoltóirí ag dul ar bhord An Fámhair. Tá sé i gceist acu seoladh ó chéibh go céibh agus seisúin ceoil a chur ar fáil sna háiteacha a dtiocfaidh siad i dtír.

Ar na ceoltóirí a bheas ann beidh Seán Smith (fidil); Micheál Ó Cionna (banjó); John Kelly (feadóg mhór); Kevin Haugh (guitár); Jackie Uí Chionna (amhránaí) agus Johnny Óg Ó Conghaile (bosca). Ó am go ham beidh ceoltóirí eile in éindí leo.

Tosnóidh an camchuairt i gCarna, áit a mbeidh siad ag casadh Tigh Mhoráin ar an gCéadaoin. As sin beidh siad ag seoladh i dtreo Ros a' Mhíl agus ar an Déardaoin beidh siad le cloisint i dteach tábhairne eicint i gCois Fharraige. Tabharfaidh siad a n-aghaidh ansin ar Inis Meáin ar an Aoine agus ag braith ar an aimsir fanfaidh siad thar oíche agus casfaidh siad i dteach ósta ar an oileán. Tá sé i gceist acu dul go Inis Oírr ar an Satharn, áit a mbeidh na báid seoil eile ag déanamh air agus cuid acu ag fanacht thar oíche. Ar an Domhnach tar éis an gheall in Inis Oírr leagfaidh siad cúrsa soir ó thuaidh ag déanamh ar An Spidéal agus cuirfear deireadh le Ceol faoi Lán tSeoil le seisúin breá croíúil Tigh Hughes.

Beidh Maiti Joe Shéamais in éindí leo cuid den am, ag bailiú ceoil dá chlár ar Raidió na Gaeltachta. Go n-éirí an turas agus an ceol leo agus guíonn muid gaoth dheas chóiriúil orthu.

Tigh Neachtain

AN TSRAID TRASNA



LÓN AR FÁIL Ó 12.30-2.30PM

BIALANN AR OSCAILT LUAN GO SATHARN
7.00-10.00PM

Teil: Bialann 091-66172 Beár 091-68820

CEOL TIGH NEACHTAIN

Go n-éirí go geal le Pléaráca '96

IONAD OIDHREACHTA ÁRANN



Cill Rónáin,
Inis Mór,
Oileán Árann
Teil: 099-61355
Facs: 099-61354

Cuir tús le do chuairt ar Árann in Ionad Árann!

Cuirfidh do chuairt ar an ionad nua seo an tírdhreach, an stair, an cultúr agus na traidisiúin a bhaineann le Oileáin Árann in aithne duit.

Le cabhair painéil eolais agus scannán chlosamharc, tabharfar léargas chruinn freisin ar nithe ar nós gnéithe geolaíochta na n-oileán, dúnta Árann maraon leis an tírdhreach fisiciúil.

Chun sult níos mó a bhaint as do chuairt, buail isteach chuig Ionad Árann, chun treoir níos fearr a thabhairt duit le linn do thurais mór-thimpeall an oileáin.

Ar oscailt ó mhí Aibreán go dtí mí Dheireadh Fómhair

Fáilte romhat isteach!

CLÁR IMEACHTAÍ AN PHLÉARÁCA

Dé hAoine 13 Meán Fómhair

OÍCHE NA HOSCAILTE, Óst na nOileán, Leitir Mealláin

8.00pm **Oscailt Oifigiúil na Féile** leis an tOll. Gearóid Ó Tuathaigh, Cathaoirleach Udarás na Gaeltachta agus bronnadh **Gradam an Phléaráca**. Seisiún ceoil ina dhiaidh sa bheár.

10.30pm **Oíche go Maidín le BEARTLA Ó DOMHNAILL & CEANN GÓLAIM** in Óst na nOileán, Leitir Mealláin.

Dé Sathairn 14 Meán Fómhair

ANACH MHEÁIN: COMÓRTAS OSCAILTE GAILF

11.00am Galf Chumann Oileán Chonamara, Anach Mheáin. **Comórtas oscailte 18 poll Stableford**. Beidh an comórtas seo ar bun Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. *Eolas: (091) 572498*

CUAN CHASLA: GEALLTA BÁC SEOIL

1.30pm Rása Aonair - bád seoil le duine amháin sa bhád.
3.30pm Gleoiteogaí Beaga & Móra, Púcáin, Dingies
6.00pm Bronnadh duaiseanna agus seisiún ceoil, Tigh a' Tailliúra. [Urraithe ag Island Ferries agus Tigh a' Tailliúra]

AN SPIDÉAL

6.00pm Taispeántas cartúin le **Tom Matthews** dhá oscailt ag **Uinsíonn Mac Dubhghaill**, ón Irish Times.

8.30pm **Ceol na Mara**
An chéad taispeántas den clár teilifíse **GRACEVILLE**. [Le ceol Gaelmeidie agus TnaG]

ROS MUC

7.30pm **Comórtas Amhránaíochta ar an Sean Nós do dhaoine óga i gcuimhne ar Sheán Chóilín Ó Conaire, sa Chrannóg, Ros Muc.**
Trí roinn sa chomórtas: faoi 12 bl; idir 12 bl agus 16 bl; idir 16 bl agus 21 bl. Seisiún Cheoil is Amhránaíochta ina dhiaidh, Tigh Mhaidhcó.

NA FORBACHA

Céilí agus Seiteanna
10.30pm **AN TULLA CÉILÍ BAND**
in Ionad Pobail na bhForbacha.

Dé Domhnaigh 15 Meán Fómhair

NA HOILEÁIN:

11.00am **Aifreann an Phléaráca**. Séipéal Leitir Mealláin.

ROS AN MHÍL

5.00pm **Comórtas SAIGHID** (Darts) Tigh Terry
Comórtas do fhir agus comórtas do mhná le seaimpiní Chonamara 1996 a aimsiú.

AN CHEATHRÚ RUA

12.00pm **Seó Sráide an Phléaráca**
6.00pm **Siamsa in Áras Mhic Dara**, do na seandaoine.

AN SPIDÉAL

6.00pm **Taispeántas Ealaíona an Phléaráca**, Ceardlann an Spidéil, á oscailt ag Bob Quinn.
8.30pm **Karaoke tré Ghaeilge** sa gCruiscín Lán, 1ú duais: £100; 2ú duais: £50. Seisiún Cheoil ina dhiaidh.

11.00pm **BOPÁIL AN PHLÉARÁCA**,
Ceol na Mara,
le **ÉINNIÚ** agus **NA FÍRÉIN**
[Sineadh ama sa bheár]

Dé Luain 16 Meán Fómhair

CARNA

8.00pm **Oíche Scéalaíochta agus Seanchais**,
Scoil na hÁirde.
Josie Sheáin Jack ina fhear a'tí.
(Eagraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar)

NA HOILEÁIN

10.00pm **Oíche Siamsaíochta na nOileán**
Óst na nOileáin le Bobby Gardiner mar aoí speisialta.
Máirtín Tom Sheáinín ina fhear a'tí
[Urraithe ag Muintearas]

Dé Máirt 17 Meán Fómhair

AN TULACH

8.30pm **Tigh Pheadair Mhóir** ar an mBántrach
Oíche Áirneáin le Joe Steve Ó Neachtain ina fhear an tí.

CLÁR IMEACHTAÍ AN PHLÉARÁCA

Dé Céadaoin 18 Meán Fómhair

AN CHEATHRÚ RUA

8.30pm **Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós**: An Chistin

Na Sóisir: Faoi bhun 16mbl. le haghaidh boinn agus **Corn Uí Mháille**. **Sinsir**: (i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa)
1ú duais: **Corn Tigh Sé** + £100 (urraithe ag an gCistin); 2ú duais: £50. Duais speisialta don damhsóir is greannmhara.
Fear a' Tí: **Máirtín Jaimsí Ó Flaithearta** agus ceol curtha ar fáil ag **Johnny Phádraig Pheter Ó Conghaile**.

Déardaoin 19 Meán Fómhair

AN COILL RUA: Comórtas TOM PHÁIDÍN TOM

8.00pm **Comórtas Amhránaíochta ar an Sean-Nós** le haghaidh **CORN TOM PHÁIDÍN TOM** i dTigh Chualáin, An Coill Rua. **Fear an Tí**: **Máirtín Tom Sheáinín** 1ú duais: Corn Tom Pháidín Tom + £150 (urraithe ag Tigh Chualáin); 2ú duais: £75; 3ú: £50.

Dé hAoine 20 Meán Fómhair

CARNA

11.00am **Lá Spóirt is Spraoi na Scoileannanna** larbhun-oideachais Gaeltachta. [Urraithe ag Coca Cola]

COILL RUA

8.00pm **Seoladh eagrán nua de 'Cré na Cille'**,
Tigh Chualáin

NA HOILEÁIN

10.00pm **Comórtas Jiveála** - Tí Hanly Ceol ó Cillín.

INDREABHÁN

10.00pm **BRÉAG** sa bPoitín Stil.

AN CHEATHRÚ RUA

11.00pm **Seiteanna & Céilí in Óstán an Dóilín le SHASKEEN**

Dé Sathairn 21 Meán Fómhair

INIS OÍRR

12.00pm **"Tá siad ag Teach" — Maratón na gCurach**
ó Bhaile na hAbhainn go hInis Oírr.
[Urraithe ag Guinness]
12.00pm **Turas na mBád Seoil ar Inis Oírr**.
Ag fágáil Ros a' Mhíl. [Urraithe ag Guinness]

CARNA

2.00pm **Comórtas Peile na mBan - 7 a' taobh**.
Páirc Peile Charna.
[Eolas: Máire Uí Fhlatharta, (095) 32569]
4.00pm **An Dámhlann, Ceardlann an Spidéil**.
FEIS — Taispeántas pictiúirí nua le **DARACH Ó SCOLAÍ** á oscailt ag **Breandán Feirtéir**

AN CHEATHRÚ RUA:

AN OÍCHE CRAICEÁILTE

11.00pm **BRÉAG** — Óstán na Ceathrú Rua

Dé Domhnaigh 22 Meán Fómhair

CAMUS

2.00pm **Lá Spóirt ar Pháirc Chamuis**. Aclaíocht;
Tarraingt Téide; Rása an Tower; Caitheamh Cruifi; Caitheamh Meáchain 28 pt., Corn Cuimhneachán Phat Ó Máille. [Eagraithe ag Coiste Spóirt Chamuis.]

INIS OÍRR

2.00pm **Geallta Bád Seoil**
Báid Mhóra agus Leathbháid

LEITIR MÓIR: Tigh Phlunkett

7.30pm **Seoladh "Na Fonnadóirí"**, an leabhar nua curtha le chéile ag **Risteard Mac Aodha** agus foilsithe ag **Cló Iar-Chonnachta**.
Seisiún fonnadóireachta ina dhiaidh le **Máirtín Tom Sheáinín** ina fhear a' tí.

ROS AN MHÍL: Damhsa an Dreollín

11.00pm **Ionad Pobail Chois Chuain, Ros a' Mhíl le SEÁN MONAGHAN AGUS AN MÁIMÍN CAJUN BAND**. Sineadh ama sa mbeár.

Eolas Breise le Fáil ó Oifig na Féile (091) 574009

Foilseofar an chéad eagrán eile den iris **'SCRÉACHÓG'** ag deireadh na míosa



Graceville



Ag déanamh staidéir ar obair an **Land League** i gConamara a bhí mé nuair a fuair mé amach gur tugadh slua mór daoine as Conamara siar go **Minnesota** os cionn céad bliain ó shin, gur caitheadh amach ar na *prairies* iad agus gur dúradh leo a bheith ina bhfeilméirí tréana cruithneachta ann. Bhí caint mhór ar **Rath Cairn** ach ba mhó de scéal é seo - agus bhí sé imithe as cuimhne na ndaoine.

Dúradh sna seanpháipéir gur go **Graceville** a tugadh iad. Cá raibh **Graceville**? Ghlaoigh mé ar mhalartán Mheiriceá lá agus d'fhiafraigh den bhean a d'fhreagair mé an raibh a leithéid de bhaile acu. Dúirt sí go raibh, thiar i Minnesota. Cúpla nóiméad ina

dhiad sin bhí mé ag caint le oifig poist na háite. B'fhada liom go ngabhfaínn féin siar agus tháinig an lá a ndeacha. Ba é **Tomás Ó Ceallaigh** a bhí i gceannas na gcláracha i **Raidió na Gaeltachta** ag an am. Chuidigh seisean liom an turas a dhéanamh.

Micheál Ó Meallaigh, Billy Keady, Seosamh Ó Cuaig agus Ciarán Ó Tuairisg i nGraceville, Minnesota

Tháinig trí chlár Raidió as, ach níor shásaigh sin mé - b'fhacthas dom ón tús go ndéanfadh sé an-chlár teilifíse. Ní easpa ábhair a bheadh ann. Ba sheo dream as Conamara agus as Maigh Eo, a lonnaíodh ar thalamh a baineadh le lámh láidir de na **hIndians** achar gearr roimhe sin - de threibh na **Sioux**, mar a thug na daoine bána orthu.

Chaithfí an ceamara a thabhairt ar an reservation i **South Dakota** agus a leagan siúd den scéal a fháil. Chaithfí léiriú a thabhairt freisin ar an gcaoi ar cuireadh droch-cháil ar mhuintir Chonamara i **Minnesota** - míniú a thabhairt ar an léargas gránna atá tugtha orthu sna leabhra staire ann.

De réir a chéile a tuigeadh dhom gur scéal a bhí ann a chuaigh ar fud Mheiriceá ag an am - gur dream a

bhí iontu a sáinníodh i gcoimhlintí móra nach raibh smacht acu orthu - coimhlintí creidimh go háithrid.

Sé **Bob Quinn** a léirigh an clár teilifíse a rinneadh sa deireadh. Ba dheacair léiritheoir níl fear a fháil. Ní shin le rá nach raibh argóintí binibeacha againn faoi threo an chláir. Ba mhinic nuair a d'éiríodh muid fíor-chantalach le chéile go ndeireadh **Bob** go gcosnóinnse muintir Chonamara is cuma céard a bheadh déanta acu agus go ndeirinnse ar ais leis nach raibh ann ach bobarún as **Bleá Cliath** nar thuig an scéal.

Ach is dóigh gurbh í an fhírinne a bhí ón mbeirt againn. Rinne seisean socrú amháin liom a réitigh an cás cuid mhór dhom - dúirt sé go nglacadh sé le pointe ar bith uaim dá mbeinn in ann an pointe sin a chruthú. Ba mhór an dúshlán é scaití.

Feicfear muintir Chonamara agus muintir **Minnesota** sa gclár seo.



Beidh sliocht an dreama thall ann agus a ngaolta i gConamara. Cloisfear scéal na **nIndians**. Pléifidh scríbhneoirí agus staraithse an cás. Leanfar an dream a d'fhág an '**Connemara Colony**' agus taispeánfar an áit ar chuir siad fúthu i **St Paul** - an '**Connemara Patch**', mar tugadh air.

Níl a fhios agam cén chaoi a dtaitneoidh sé le pobal an lae inniu ach déarfadh mé rud amháin faoi: tá an bobarán as Conamara agus an bobarún as **Bleá Cliath** sásta seasamh leis; comhréiteach eadrainn atá ann.

Tá ábhar eile bróid le lua - foireann óg **Ghaeltachta** a bhí faoi cheannas **Bhob** agus é ag déanamh na hoibre seo. Sílim nach ndearna siad go dona.

Ba ghroiuil an mhaise do **Christy King** agus do **Theilifís na Gaeilge** cead a thabhairt an scannán a thaispeáint ag **Pléaráca Chonamara**.

Taispeánfar go poiblí den chéad uair é i **gCeol na Mara** sa **Spidéal** ar an gceathrú lá déag den mhí seo ag 8 p.m.

Beidh mise i bhfolach i gcoirnéilín den halla ag fanacht go bhfeicfidh mé céard a cheapfas sibh.

Déanadh **Bob** a chuid socruithe féin!

- Seosamh Ó Cuaig

GRACEVILLE: Léiriú Poiblí - 14 Meán Fómhair ag 8 p.m. i gCeol na Mara, An Spidéal



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Choláiste Ollscoile na Gaillimhe
An Cheathrú, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-95101

Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta ó Bhearna go Carna

Cúnamh i labhairt na Gaeilge do Dhaoine Fásta (Gailltacht agus Gaeltacht)

Pacáiste Féin-Teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge

Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge
Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

TURASÓIREACHT CHONAMARA AGUS ÁRAINN

OIFIG EOLAIS

ROS AN MHÍL
CO. NA GAILLIMHE

FÓN/FACS:

091-572582

Gach rath ar an bhFeile



Séamas Ó Méalóid ag Ceiliúradh Ceoil, coirm cheoil ag comóradh 10 mbliana d'obair Chló larchonnachta a reachtáil le linn Phléaráca Chonamara anuraidh.
pic: Aodán Ó Conchúir

TAISPEÁNTAIS EALAÍONA AN PHLÉARÁCA

BISTRO JACKIE

Ceardlann an Spidéil

Taispeántas de chartúin Ghaeilge le **TOM MATHEWS** a bhí san Irish Times. Sé Uinsíonn Mac Dubhghaill, eagarthóir Gaeilge an Irish Times agus a dtuairisceoir san Iarthar, a osclóidh an taispeántas ar an Satharn 14 Meán Fómhair ag 6pm.

AN GEATA

Ceardlann an Spidéil

Taispeántas de shaothar ó ealaíontóirí na Gaeltachta. Osclóidh an scannánaí agus an grianghrafadóir **BOB QUINN** an taispeántas ar an Domhnach 15 Meán Fómhair ag 6pm.

AN DÁMHLANN

Ceardlann an Spidéil

FEIS – taispeántas pictiúirí nua le **Darach Ó Scoláir** as Indreabhán, dhá oscailt ar an Satharn 21 Meán Fómhair ag a 4pm ag an scannánaí **Breandán Feirtéir**.

Tigh Chualáin

Coill Rua, Indreabhán

B&B

'Bíodh deoch agat ar do chompóird'

Tigh Chlarke

Ros Muc 091-574152/574126

Beár & Ceol

Siopa

Funeral Home – Adhlacadóir

ÓST NA NOILEÁN

• **TIGH LEE** •

Leitir Mealláin 551161

ÓST & BIALANN

CEOL GACH

DEIREADH

SEACHTAINE

Go n-éirí leis an bPléaráca

Standún

STANDÚN TEO.

An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-83102/8

SLADMHARGADH AG TOSÚ

9 SAMHAIN

Oscailte Dé Domhnaigh 10 Samhain

Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid Siopadóireacht
tré Ghaeilge sa Ghaeltacht

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

TIGH CHÓILÍN CONROY

Mace

Indreabhán
Teil: 091-93386

Burmah

Ollmhargadh & Stáisiún Seirbhíse
Oscailte 7 lá na seachtaine

- Grósaeirí • Gual • Nuachtáin • Cadhnairí •
- Stroighean • Deisiú boinn pollta •

Go n-éirí leis an bPléaráca

PÁDRAIC Ó SÉAGHDHA

SPAR

Ros an Mhíl, Baile na hAbhann
Teil: 091-72132

OLLMHARGADH

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



mfg teo

meitheal forbartha na gaeltachta teo

AIDHM:

Spreagadh pobail agus chun féinmhuinín a mhúscailt.

Leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a chur chun cinn

Eolas agus Cúnamh ó:

Ivan Mac Philip

Oifig Chonnacht agus na Mí

Meitheal Forbartha na Gaeltachta

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe


Fón/Facs: 091-593410

Óstán an Imperial

: GAILLIMH •

Beár, Bia agus Lóistín

Go n-éirí le Féile an Phléaráca!



RAPIRE TEORANTA

INDREABHÁN
CO. NA GAILLIMHE

Teil: 091-593211

Facs: 593078

Go n-éirí go geal

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

Tigh an Táiliúra

AN CHEATHRÚ RUA

Beár, Ceol & Craic
gach deireadh seachtaine



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA
Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann
Oifig Eolais: Aer Árann
Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-593034 & 593054

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaraca

TIGH FHLATHARTA

• CASLA •

BEÁR & SIOPA GRÓSAERA

091-572233

Ola Mhac an Rí

(KING OIL)

Gach cineál ola againn:
Auto Diesel • Gas Oil
Kerosene agus Lubricants
ar phraghas réasúnta

Na hAille, Indreabhán
Teil: 091-593210 Facs: 091-593210

Tabhair tairiscint do ghnú áitiúil

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

SEIRBHÍS PAS-GHRIANGHRAFANNA

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169 Facs: 091-595154Facs:

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Micí Ó Flatharta

An Cheathrú Rua, Conamara. Fón: 091-595110

Grósaera, Trádálaí agus Búistéir

• FLO-GAS •

Go n-éirí le Féile an Phléaraca!

Muintir Uí Dhomhnaill

© 091-595216

Siopa & Teach Aíochta
An Cheathrú Rua

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

TIGH DURKAN

An Tulach, Baile na hAbhann Teil: 593156
Úinéir: Eoin Ó Durcáin

GRÓSAEIRÍ – GÁS
NUACHTÁIN – PÉINT

Go n-éirí le Féile an Phléaraca!



An Poitín Stil mar a bhí nuair a bhí Éamonn Cotter ann. Is ag Pádraig Joe Joe Mac an lomaire atá sé anois.
Casfaidh BRÉAG ann Dé hAoine 19 Meán Fómhair.



Ar Oscailt:

Luan go Satharn: 10am – 5pm
Dé Domhnaigh: 2pm – 6pm

Sladmhargadh Meán Fómhair

Shrubs: £2 • Lupins: £1

Lavender: £1

Déan tairiscint ar chrainnte

CASLA, CO. NA GAILLIMHE

Teil: 091-572210 Facs: 091-572370



REHAB GROUP



TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE

Amharclann Náisiúnta na Gaeilge Teo.

180 suíocháin
Áiseanna Cleachtadh

Seó Samhraidh
Seirbhísí Riaracháin

DRÁMAÍOCHT DO GACH DUINE!

Má tá aon eolas uait faoi imeachtaí nó
áiseanna na Taibhdhearca,
téigh i dteangbháil linn nó buail isteach
chuig:

TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE

An tSráid Láir,
Gaillimh

Teil: 091-562024 (oifig); 563600 (1-6pm áirithint)

Facs: 091-563195 Email: taibh@iol.ie



ARRAMARA TEO.

CILL CHIARÁIN, CONAMARA
Teil: 095-33404 / 33417
Facs: 095-33494

Seamus McGarvey • Micheál Ó Maoilchiaráin

Tigh Mhic Oireachtaigh

Cárna Fón: 095-32239 Facs: 095-32333

Ollmhargadh Nua-Aimsireach
Togha na Feola i Rannóg an Búistéara
• Lotto • Arán Baile • Cácaí Milse • Cácaí Úlla •
• Bureau de Change • Western Union • Eangachaí •
• Rópaí • Ruógai •

Tabhair tacaíocht do do shiopa áitiúil
Os cionn 100 bliain ag freastal ar an bpobal

Tigh Pheadair Mhóir

Báintreach, Baile na hAbhann

Beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Tigh Mhóráin

Cárna

*Siopa Grósaera
agus Beár*

095-32244/32763



Banc Aontas Éireann

An Cheathrú Rua
Teil: 595218

Ar Oscailt:
LUAN • DÉARDAOIN • AOINE
10.30-12.30pm
1.30-3pm


*Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara*

An Biúró Gnó

Treasa Dundass
Coill Sáille, Cill Chiaráin, Conamara
Teil/Facs: 095-33457/33571
EMail: biurogno@iol.ie

Leabhar Choimead • VAT/P.A.Y.E.
Páigh • Fótóchoipeáil • C.V. • Thesis
Laminating • Binding
Seirbhís Fón/Facs/EMail

*Go n-éirí go geal leis an
bPléaraca*



hofna flüs TEO Baile Na hAbhainn, An Tulach
091 593622

BÚIR NA SCÉIME

curtha in eagar ag Yola de Libre

Scéim Fostaíochta Pobail an Phléaraca a bhain an príomh duais i rannóg na Timpeallachta do Thionscnaimh Pobail i Réigiún an Iarthair. Ba aitheantas an duais ar an obair mhór atá déanta ag lucht na scéime le bliain anuas. Is comórtas é seo a eagraíonn FÁS chuile bhliain do scéimeanna ar fud na tíre.

Ar an 9 Iúil seo caite ag ócáid san Ardeaglais i dTuaim ghlac **Róisín Ní Thuairisg** agus **Bríd Ní Chartúir** leis an duais, píosa mór criostail, ar son na scéime. Tá an scéim curtha ar aghaidh go dtí an babhta ceannais a bhéas ar siúl i mBaile Átha Cliath an mhí seo agus tá muid ar fad ar bís. Abair paidir ar ár son!!!

Faoi láthair tá obair mhór idir lámh ag an scéim. Ghlacamar páirt a i bhFéile Ealaíne na Gaillimhe sa

pharáid a d'eagraigh 'Macnas' ag a raibh na mílte ag breathnú sa mbaile mór. D'éirigh thar cionn linn sa pharáid. Le gairid d'éirigh le Pléaraca Teo. cúnamh airgid a fháil ón Aontas Eorpach le dráma nua a réiteach don stáitse i gcomhar leis an gcompántas profisiúnta ón mBriotáin **Ar Vro Bagan**.

Tá seomra ceardlainne réitithe san Ionad Fiontair i Ros Muc. Is ann reachtáileadh cuid den campa saoire do dhaoine óga an mhí seo caite.

Beidh an iris ráithiúil **Scréachóg**, a fhoilsíonn lucht na scéime, le fáil sna siopaí ag deireadh na míosa seo agus é lán le nuascéalta chomh maith le torthaí agus grianghrafanna ó imeachtaí Phléaraca Chonamara '96.



Féile Ealaíona na Gaillimhe

Féile Ealaíona na Gaillimhe

Fuair muid cuireadh ó Mhacnas dul ag obair leo faoin gclár 'Community Outreach', clár atá acu le grúpaí eile ón bpobal a tharraingt isteach ag comhoibriú leo ar an seó mór bliantúil. Ceann d'aithmeanna an chláir seo ná go bhfaighfeadh na daoine air taithí oibre, deis le dul os comhair an phobail sa bparáid mhór agus traenáil ag an am céanna.

Thosaigh Macnas sách beag deich mbliana ó shin. Chuir siad craic agus spraoi ar fáil le seónna sráide. De réir a chéile mhéadaigh an compántas agus is comhlucht mór é anois atá ag déanamh seónna móra go hidirnáisiúnta. Faoi láthair tá dáréag fostaithe go lán aimseartha acu. Amannta áirithe ar nós na bparáideanna móra, oibríonn ós cionn 140 duine leo ó scéimeanna éagsúla agus ar chonraí.



Róisín Ní Thuairisg agus Bríd Ní Chartúir ag glacadh na duaise Thionscnaimh Pobail i dTuaim an mhí seo caite (pic: Connacht Tribune)

BUIR NA SCÉIME

Tá dhá chuid i Macnas, dream amháin ag plé le seónna sráide agus dream eile a léiríonn drámaí in Amharclann an Bhosca Dhuibh/The Black Box Theatre i nGaillimh. Cuireadh an seó 'The Rime of the Ancient Mariner' ar stáitse le linn Féile Ealaíona na Gaillimhe.

Thosaigh muid ag obair leo i lár Mí Meithimh agus chuaigh cuid de lucht na scéime isteach chucu le breathnú ar na háiseanna agus an leagan amach atá acu i nGaillimh. Thaispeáin siad dúinn na bealaí a gcuirtear na propanna móra le chéile agus an córas atá acu le seó mór a éagrú.

Réitigh muide "Saoirse na bhFáinleog" ina raibh sé dhraoi, a réiteach don paráid. Priomhdhraoi a bhí i nduine acu le ceannbheart níos mó ná na cinn eile mar gheall go raibh nead déanta ag fáinleog ann.

B'aisteach an radharc é ag an gcleachtadh roimh an seó, ar chúl na hOllscoile i nGaillimh, agus na sluaite gléasta i gcultacha ildaite, éanacha fiáine corcra dhá troigh deag ar airde, ceol torannach na mbannaí ceoil, capaill craiceáilte, an phéist mhór a bhí páirteach sa gcéad pharáid deich mbliaina ó shin agus ar ndóigh muid féin inár gclócaí fada. Ní mar a chéile a bhí an cleachtadh leis an rud a bhí



amach romhainn ar an Domhnach.

Ar an lá mór bhí os cionn 400 duine agus na scórtha propanna páirteach sa bparáid agus faoi scaladh na gréine thosaigh an seó ag gluaiseacht i dtreo na cathrach. Ní raibh againn ach píosa beag i gcomparáid leis na propanna agus na dreamanna móra ach choinnigh muid ár seasamh.

Bhí ár seó féin le déanamh againne. I measc ár ndraoithe draíochtúla bhí an príomhdhraoi le nead éin ar a chloigeann. Ag amanta áirithe stopfadh an paráid. Go tobann bheadh fáinleog le feiceáil is i ag eitilt go hard tríd an aer is nuair a bhí na míoltóga gránna bainte den spéir aice d'fhilleadh sí ar ais go dtí a nead agus thosaíodh an ghluaiseacht arís. Is mar sin a lean muid ar aghaidh thrí sráideanna na cathrach.

Mar chuid den scéim beidh muid ag réiteach seó leis an gcompántas **Ar Vro Bagan**. Is compántas drámaíochta profisúinta ón

mBriotán iad a bunaíodh i 1975 agus atá lonnaithe i bPlouguerneau, baile beag ar chósta na Briotáine, 30 míle ó thuaidh de Bhrest in Iarthar na Fraince. Cuireann an compántas seo an drámaíocht chun cinn ina dteanga féin sa gceantar. Clúdaíonn siad cultúr na Briotáine agus cúrsaí reatha an tsaoil inniu.

I measc na ndrámái a cuireadh ar stáitse, bhí 'Amoko II' faoin tubáiste ola a tharla ar chósta na Briotáine i 1978; 'Ar Basion Vraz', leagan Ceilteach de Scéal na Páise agus 'Ar Roue March' leagan Briotánach den seanscéal **Cluasa Labhraí Loinseach**. Tháinig Ar Vro Bagan go Conamara le linn Phléaráca Chonamra anuraidh. Faoi láthair tá siad ag réiteach an dráma 'Ar Mestr' faoi bealach ar chaith na tiarnaí talún leis na daoine sna tríochaidí.

Cuireann siad drámaí ar stáitse do ghasúr óga sna scoileanna agus in ionaid do sheandaoine, chomh maith leis an bpobal.

I 1981 d'fhostaigh siad daoine go lánaimeartha don chéad uair agus tá ceathrar ag obair ann anois: stiúrthóir, beirt aisteoir agus teicneoir fuaime/soilsiú. Oibríonn daoine go deonach leo nuair atá dráma nua le déanamh.

Le cúnamh ón Aontas Eorpach, chuaigh seisear ón Scéim Fostaíochta Pobal anonn deireadh mí Lúnasa ar feadh seachtaine, ag obair leo ar "Ar Mestr". Thugadar cúnamh ag réiteach hallaí; ag sochrú seiteanna agus ag an am céanna fuair siad traenáil phraiticiúil. Tá cuid d'fhoireann Ar Vro Bagan le tíocht go Conamara, mí Dheire Fómhair le lucht na scéime a thraenáil i ngnéithe éagsúla de n drámaíocht. Beidh soilsiú, fuaim, smidiú, tógáil seiteanna, agus aisteoireacht i measc na n-ábhar a chlúdfar le linn an ama seo.

Réiteofar le cúnamh ó Ar Vro Bagan, dráma nua "An Gaiscíoch Beag", atá scríofa ag duine de lucht na scéime, Daithí Ó Muirí. Tabharfar é ar chamchuiart ar fud Chonamara. Tá sé i gcéist é a léiriú in áiteacha eile ar fud na tíre níos deireanaí sa mbliain.



An Seanchailleach i gCluasa Labhraí Loinseach a bhí ar chamchuiart le linn Féile an Phléaráca anuraidh

BUIR NA SCÉIME

adóireacht, soilsiú, ceol & gluaiseacht dráma. Tá cursaí déanta sa chócaireacht, Francis, TEFL agus ranganna tiomána fiú.

Faoi láthair tá plean traenála á chur le chéile agus tá cursaí socraithe cheana féin i *Desk Top Publishing*, físeáin agus i ngnéithe éagsúla den dramaíocht le Ar Vro Bagan. Eagrófar cursaí i bpuipéidí chomh maith.



Traenáil leis an gcompántas Horse & Bamboo Theatre i Sasana i mbliaina. An aithníonn tú iad?

Traenáil

Faigheann gach duine atá ar an scéim £300 i gcomhair traenála. Bíonn £100 de sin i gcomhair forbairt phearsanta. Tugann an oiliúnt seo leis níos fearr do lucht

na scéime post buan a aimsiú.

Go dtí seo tá traenáil fáighte i réimsí eagsúla de chursaí ealaíona. Tá ceardlanna déanta i nguthaíocht, físeán, scríbhneoireacht, mascanna agus puipéidí a dhéanamh, aisteoireacht, ceol Samba, grianghraf-

CÓRAS IOMPAIR ORDÓIGE

Ba mhaith linn ár mbuóchas a ghlacadh leo siúd a thugann bealach do lucht na scéime agus iad ar an mbóthar ag taisteal anoir, aniar, aneas agus aduaidh. Tá buíochas ag dul go háirithe dóibh siúd atá ag obair san Ionad Fiontair i Ros Muc. Marach sibhse ní bheadh leath den obair déanta againn.

COMHARCHUMANN CONAMARA THAR Teo

CILL CHIARÁIN 095-33436
ROS MUC 091-74341

Bígí ag an
Oíche Áirneáin,
Scoil na hÁirde
ar an
16 Meán Fómhair

*Go nÉirí go Geal
leis an bPléaráca*

FOLÚNTAIS

SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL AN PHLÉARÁCA

(Buaitheoir na Duaise Thionscnaimh Pobail (FÁS) 1996)
Ionad Fiontair, Cill Bhriocáin, Ros Muc, Conamara
Fón: 091 574021 Facs: 091 574346

Tá roinnt folúntais againn anseo ar an Scéim Fostaíochta Pobail atá dhá reachtáil ag Pléaráca Teo. i gcomhar le Udarás na Gaeltachta agus FÁS a mhairfeas go dtí Mí Meithimh 1997.

Tá an scéim oscailte do dhaoine ós cionn 21 bliain d'aois, atá ag fáil, faoi lathair

Cúnamh dífhostaíochta ar feadh bliaina
nó Sochar dífhostaíochta ar feadh bliaina
nó An Liúntas Tuismitheora Singil

Íocfar £83.75 le daoine singil, £120.00 le daoine atá posta agus £83.75 + £13.20 an gasúr le daoine ar an Liúntas Tuismitheora Singil as 39 uair oibre sa gcoicís. Coinneofar tairbhe breise ón dol agus tá cead oibre taobh amuigh den scéim

Tá Gaeilge riachtanach. Foirmeacha iarratais, agus tuilleadh eolais ar fáil ón oifig thuas luaite.



Cuid den seó sráide 'Muir' a léiríodh ag Pléaráca '95. I mbliana tá seó sráide nua réitithe agus beidh sé le feiceáil ar an gCeathrú Rua ag meánlae, Dé Domhnaigh 15 Meán Fómhair.

Oifig an Phoist

• CAMUS •

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Óstán na Páirce

An Spidéal

Teil: 091-83159 Facs: 091-83494

Dod' bhainis nó dod' chóisir

Gach eolas ó Ghearóidín Ní Fhoighil

Garáiste Mháirtín Bán

CASLA

091-572456/572169

Mobile: 088-525088

Seirbhís Aisghabhála 24 Uair an Chloig
Gléas Iascach
Feisteas Tumadh

TIGH RORY

LETIR MÓIR • 8.30am – 8pm

SIOPA

GÁS, GUAL BLUGAS
BEATHA BEITHÍOCH srl

Go n-éirí go geal le leis an bPléaráca

Campa Éigse Chaitlín Maude

Mí Lúnasa den chéad uair reachtáileadh campa samhraidh seachtaine do dhaoine óga idir 16-18 bliain d'aois, san Ionad Fiontair, Ros Muc. Cé go gcuirtear fáilte roimh go leor daoine óga a thagann chugainn i rith an tsamhraidh le freastal ar na Coláistí Gaeilge ní bhíonn mórán eagraithe do aos óg na háite. Mar sin bheartaigh Pléaráca, scoil shamhraidh a eagrú ag baint úsáid as na scileanna agus an trealamh atá againn, le béim curtha ar theanga agus ar chultúr na háite. Bhí na daoine atá ar Scéim Fostaíochta Pobail an Phléaráca ar fáil le scileanna atá foghlamtha acu san aisteoireacht, déanamh mascanna agus puipéid, a roinnt leis na daoine óga.

Tháinig i bhfad níos mó daoine óga ná mar a bhí súil againn leo agus bhí orainn na ranganna a roinnt. Roimh ré d'iarr muid ar na daoine óga na ceardlanna is mó a mbeadh spéis acu iontu a roghnú. Seo leanas an rogha ceardlanna a tugadh dóibh: Mascanna agus puipéid; Aisteoireacht; Obair físe; Amhránaíocht ar an sean-nós; Peintéireacht; Obair Láimhe agus Bláthanna Tirime; Grianghrafadóir-eacht agus Cócaireacht. Bhí amhránaíocht ar an sean-nós go hard ar na liosta agus fuair muid Sarah Ghriallais le ceardlann a chur ar fáil agus is íontach mar a d'éirigh léi leis na daoine óga. Thug Eileen Geoghegan ceardlann in obair láimhe agus maisiúchán bláthanna

tirime. Bhí an-éileamh ar an gceardlann seo go mór mór ag na cailíní.

Chuir muid ceardlann cócaireachta ar siúl chomh maith. Scríob muid, d'fháisc muid agus rinne muid boxtaí comh maith le beatha deas eile.

Gan aon dabht sí an ceardlann físeán agus an obair cheamara is mó a shantaigh na daoine óga, agus tá sé i gceist againn ceardlanna a chur ar siúl amach anseo le freastal ar an dream óg, a bhfuil blas fáighte acu ar an obair físe.

Gwen Uí Ghaora a bhí i mbun ceardlann péintéireachta. Is as an mBreatain Bheag í Gwen. Is Breatnaiseoir ó dhúchas í agus is tré Ghaeilge a reachtáil sí an ceardlann péintéireachta.

Sé an t-aon chlamhsán a bhí ag na daoine óga go raibh seachtain ró-ghearr. Tá sé i gceist ag Pléaráca campa coicise a chur ar siúl an bhliain seo chugainn.

Tá buíochas ag gabhail do na daoine seo leanas atá páirteach i Scéim Fostaíochta Pobail an Phléaráca, a thug cúnamh agus a roinn a scileanna leis na daoine óga: Seán Leainde, Tommy Níaidh, Tarlach O'Connor, Róisín Ní Thuairisg, Brian Ó Cróinín agus Siobhán Ní Fhatharta.

—Mela Uí Mháille

Cló Iar -Chonnachta

Indreabhán, Conamara

Fón: (091) 593307 Fax: (091) 593362

LEABHAIR / DLÚTHDHIOSCAÍ / CAISÉID NUA

Na Fonnadóirí — Eag. Risteard Dónal Mac Aodha
£15 (Leabhar & 3 Chaiséad)

Cnuasach saibhir amhránaíochta ó fionnadóirí pharóiste Leitir Móir. Focail na n-amhrán agus mion anailís ar thraidisiún amhránaíochta an cheantair le fáil sa leabhar. Ghnóthaigh an saothar seo an Comórtas faoin Amhránaíocht ar an Sean-Nós 1995 (An tOireachtas / CIC).

AG TEACHT GO LUATH...

Leabhar

An Pincín agus Scéalta Eile — Pádraic Breathnach

Cnuasach gearrscéalta a ghnóthaigh Duais Bhord na Gaeilge ag Seachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail 1994. Tá ardcháil ar Phádraic Breathnach mar dhuine de na gearrscéalaithe is bisiúla agus is fearr dá bhfuil ag scríobh i nGaeilge sa lá atá inniu ann.

Ceol

Scaoil Amach É! — Catherine McEvoy le Felix Dolan

Fliúiteadóireacht den chéad scoth ó dhuine de cheoltóirí móra ár linne. Stíl bhríomhar bhlasta Ros Comáin/Shligigh. Tionlacan le pianadóir mór le rá Mheiriceá, Felix Dolan.

... Agus bígí ag faire amach d'album nua Johnny Connolly san athbhliain!



EOLAÍ PÓCA

Sraith treoirleabhar den scoth a thugann eolas cuimsitheach faoi ghnéithe éagsúla de chomhshaoil na hEorpa. Córas bandaí daite agus códaithe ag gabháil leo.

£3.95 an ceann. Is iad na teidil atá ar fáil cheana:

CARRAIGEACHA & MIANRAÍ

MAMAIGH

ÉIN

AN AIMSIR

FEITHIDÍ

CRANN

CLADACH & FARRAIGE

An Gúm

Coláiste Chamuis

Indreabhán
Co. na Gaillimhe



Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

CEARDAÍOCHT Nead Síoda

- Dearthóireacht Teicstíle • Dathú •
- Éadach Lámhphriondálte •
- Lása • Fíodóireacht •

Hilairí Nic Cába
Cois Locha, Gleann Mór, An Cheathrú Rua
091-595314

Réalta na Maíone

An Cheathrú Rua
Fón: 595193

BEÁR
CEOL CHUILE DEIREADH SEACHTAINE

Go n-éirí leis an bPléaráca!



Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

Bia Mara—An príomh chomhlucht
margaíochta don tionscail
feirmeoireacht éisc in Éirinn.

Díolann Bia Mara luach £16 milliún sa mbliain
de bhradáin úra, bric agus sliogéisc ó
fheirmeacha mara ar chósta thiar na hÉireann.
Tá os cionn 250 duine fostaithe ag soláthar an
éisc seo do mhargaí na hEorpa.

Go n-éirí go geal le Pléaráca '96

Óstán an Cheathrú Rua

Teil: 595116 Facs: 595187



Níl uait ach an seirbhís is fearr le
haghaidh an lá speisialta sin.

- Aire Pearsanta
- Togha na Beatha
- Rogha Mór de Bhia Chlár
- Rogha Pleanáil Boird
- Cómpórd agus Suaimhneas
- Carr Bainse
- Cairpéid Dearg ón Carr go Doras agus go leor eile freisin!

Níl áit níos fearr i gcóir do bhainis
nó do chóisir



Ag caitheamh cruifí ag an Lá Spóirt i gCamus anuraidh.
Is ar an Domhnach 22 Meán Fómhair a bheas anLá Spóirt i mbliana.

Forbairt Pobail Teo

An Spidéal

Go n-éirí go geal le Féile an Phléaráca

Pól Ó Foighil
Teil: 091-83480

• Siopa & Ósta • TIGH ÚNA


Ros Muc 091-574121

Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann
Fístéipeanna
Gual • Flo-gas

Morahan & Hughes Ltd

Bóthar Thuama, Gaillimh. Teil: 091-751862

Earraí Tógála, Pluiméireachta
agus Teasa



Déan do mhachnamh
agus do phléaráca
i seomra folctha
feistithe le dea-earraí
Morahan & Hughes



An Stáisiún Ginte Leictreachais i Scríb

META UÍ MHÁILLE

1957 osclaíodh an stáisiún ginte leictreachais i Scríb, Ros Muc, Conamara. Móin a d'úsáidtí ann le leictreachas a ghiniúnt. Ag an am ba fhreagra é ar an dífhostaíocht agus ar an imirce a bhí ag bánú Chonamara, chomh maith le ceantair tuaithe eile ar fud na tíre.

Thug sé fostaíocht agus saothrú ní amháin do na daoine a bhí ag obair sa stáisiún fhéin, ach do go leor eile a bhí fostaíthe ag muintir Kheogh i dtionscal na móna. Thug sé malairt margaidh don dream a bhíodh go dtí seo ag rith mhóna go hÁrainn sna báid seol – trádáil a raibh deir-eadh geall le bheith tagtha léi faoi seo.

Is dócha go bhfuil sé fíor a rá, go raibh Stáisiún Ginte Scríbe agus Arramara i gCill Chiaráin ar na

tionscal ba thábhachtaí dhá raibh fós ariamh i gConamara. In agallamh a rinne mé le Maitias Ó Nia a chaith roinnt blianta ag obair i Scríb agus le Bord Soláthair an Leictreachais, cuireann sé síos ar na blianta sin agus na daoine a d'oibrigh leis.

"Is i 1958-59 a thosaigh mise ag obair sa stáisiún ginte i Scríb. Bhí Johnny Ó Méalóid, Johnny Ridge, Máirtín Mhainnín agus m'athair Michael Beag

Ó Nia ag obair ann. Bhí beirt eile ag obair ann freisin, innealtóir agus feisteoir Jim Deveraux agus Tom Hanson. Sé Jim a thóg an grianghraf atá leis an alt seo. Na fir, bhíodh siad i gcónaí ag moladh dhúinn traenáil a fháil agus cúrsa a dhéanamh le obair sa seomra innill agus sa ngalsheomra. Cuireadh cúrsaí tráthnóna agus oíche ar siúl sa stáisiún. Rinne muid an scrúdú scríofa i nGairmscoil na bPiarsach agus bhain muid teastas City and Guilds amach, rud mór dhúinne ag an am, mar ní mórán béime a bhíodh ar scrúduithe ach amháin ar scoil."


"Nuair a d'oscail an stáisiún i 1957 cuireadh grúpa ar chúrsa traenála go Cúl an tSúdaire agus go Sráid na Cathrach i gCo. an Chláir. Ba iadsan Michó Pheige Ó Griallais, Tommy Chóil an Droichid Mac an Iomaire, Stephen Shuilleabháin agus Peter Bheartlín Ó Flatharta. Tá an ceathrar seo anois ar shlí na firinne."

"Bhí go leor ag brath ar stáisiún ginte Scríb. Is iomaí duine ar fud Chonamara a bhain punt as – lucht bainte móna, úinéirí leoraithe. Bhíodh obair shéasúrach ag go leor daoine ar phortaigh le Keogh, gan trácht ar an bhfoireann a bhí fostaíthe ann. Bhí an stáisiún ag gint 24 uair a chloig agus bhí sárpháil dhá íoc ann."

"Suas go dtí na 70í bhí an stáisiún in ann cumhacht a choinneáil le Conamara ar fad ach ag an am sin ní raibh an oiread trealamh leictreachais i dtithe. Thugadh sé cúnamh do Ard na Croise sa samhradh nuair a bhíodh ísliú uisce ann agus do Bhóthar na Trá nuair a bhíodh obair chothabhála ar siúl."

"Bhíodh an stáisiún dúnta cupla mí sa nGeimhreadh nuair a bhíodh an mhóin ídithe, ach ní mórán le mí a bhíodh an fhoireann as obair mar bhíodh obair chothabhála le déanamh. Is le linn tréimhse mar seo a chuaigh mé fhéin, Colm Mháirtín Chóilín agus Séamus Mháirtín Jane ag obair le Bord Soláthair an Leictreachais i nGaill-imh. Bhí muid le theacht ar ais arís ach in áit sin chuaigh muid amach ag obair ag cuir síos pólanáil agus línte. Bhí muid ag obair i gceantar Mhuigh Eo, in Acaill agus Acaill Beag, oileán beag amach ó Acaill ar a bhfuil teach solais. Rinne muid oileán Omei, Inis Boffin, trí Oileán Árann, agus ceantair go leor i gConamara."

"Fiche cúig bliana a bhí ceapaithe



An Stáisiún Giniúna Leictreachais i Scríb. Dúnadh an stáisiún i 1988. Céard a tharla don Ionad Eachtraíochta a bhí le tógáil ar an suíomh?

don stáisiún nuair a tógadh é, sula mbeadh athnuachan iomlán le déanamh ar an bhfoirgneamh agus ar innealra. Bhí caint píosa é a aistriú go uisce nuair a tháinig laghdú ar bhaint na móna ach níl ach sáile le fáil gar don láthair. Bhí caint freisin é a aistriú go ola. Sé an truaí nach déanadh é seo, thabharfadh sé fostaíocht do suas le scór duine. Is mór an méid é sin i gceantar ar bith. Is dócha go mbeadh sé aisteach freisin ola a thabhairt isteach go ceantar a bhfuil na mílte agus mílte acraí móna."

"I 1990 a dúnadh an stáisiún. Faoin am seo bhí costas níos airde ar leictreachas a ghint ná an ráta a raibh sé dhá dhíol air, agus bhí laghdú tagtha ar an méid móna a bhí dhá tháirgeadh dhó ach dhá mairfeadh sé cupla bliain eile nó go dtáinig na h-innill bainte móna agus an bhforbairt a déanadh ar bhóithre portaigh, cinnte ní ganntan móna a dhúnfadh é. Ach is dócha go raibh an cheist pléite agus cinneadh déanta ag léibhéal áithrid agus nach raibh slánú i ndán dhó faraor."

"Bá mhór an buille don phobal dúnadh an stáisiún. Bhí sé mar a deir an

Béarla mar 'landmark' ar feadh na mblianta. Ba é an t-aon tionscal sa bpobal é agus an tionscal ab fhearr a bhí ariamh i Ros Muc. Bhí chuile dhuine in ann punt a bhaint as agus bhí ráta maith dhá íoc in aghaidh an tonna ar mhóin. Sé Michael Hennelly a bhí mar shaoiste. Bhíodh airsean dul thart ag breathnú ar mhóin le feiceáil an raibh sí sách tirim. Bhíodh clamhsán anois is arís nuair nach dtógtáí móin, ach má bhí an mhóin fliuch bhí sé an-deacair an brú teasa a fháil sách ard."

"Bhí innealtóir dár bh ainm Morrissey a maríodh de thimpist sa stáisiún. Bhí sé ag obair ar ghineadóir agus bhuail sé sreang 38,000 volts. Bhí Tommy Chóil an Droichid ag obair leis agus d'éirigh beagán gortú dhósan freisin."

Ar an dream deiridh a bhí ag obair i Scríb, bhí Tommy Khate Ó Mainnín, Colman Pheteirín Ó Mainnín, Johnny Khateen Mac Donncha, Johnny & Tommy Ó Méalóid, Paddy Ó Nia, Tomás Seoighe, Peter Bheartlín Ó Flatharta, Cuimín Bheartlín Ó Flatharta, Michó Pheige Ó Griallais.



Sa bpictiúr ó chlé: Michó Pheige Ó Griallais, Peter Bheartlín Ó Flatharta, Tommy Mellett, Mattie Ceven Ó Nia, Paddy Nee, Séamus Mháirtín Jane Ó Fiannachta, Tommy Khate Ó Mainnín, Colm Mháirtín Chóilín Ó Súilleabháin, Tommy Chóil an Droichid Mac an Iomaire.



Foireann na Gaillimhe: Buaiteoirí Chraobh Peile na hÉireann 1934

Líne Tosaigh ó chlár: 'Cosán' Ó Braonáin, Donncha Ó Súilleabháin, Micheál Feirtéar (a d'aimsigh dhá chúil mhaithe), Micheál Ó hUiginn (captaen) le sonóg, Tadhg Mac Cárthaigh, Diarmaid Mistéil, Breandán Mac an Adhastair agus Éamann Ó Cionaoith (bainisteoir na fóirne).
Ar gCúl ó chlár: Máirtín Ó Riagáin (Rúnaí Bhord Peile na Gaillimhe), Proinsias Mac an tSionnaigh, Ralf Ó Gríofa, (an duine ab óige ar an bhfoireann), Máirtín Ó Ceallaigh, Hugó Ó Ciardha, Micheál Ó Conaire, Seán Ó Duinn, P.S. Mac Dónaill, Tomás Mac Aodha agus Stiofán Mac Shiúrtáin T.D., réiteoir iomráiteach ag an am.

Nuair a thosaigh craobhchomórtas peile Chonnacht i 1933 bhí na Gaillimhigh faoi threoir an imreora dhíograisigh, Micheál Ó Dónalláin as an Dún Mór, dóchasach go gcruthóidís go maith. Rug siad leo Craobh Chonnacht nuair a sháraigh siad Maigh Eo i gcluiche ceannais an chúige le dhá chúilín (1-7 v. 1-5) tar éis dóibh a bheith sé bliana ar an gcúlraí. I gcluiche leathcheannais na hÉireann bhí cúilín d'fharasbarr (0-8 v. 1-4) acu ar na Bleácliaigh, ach sa cluiche ceannais fuair an Cábhán an lámh in uachtar orthu le 4 chúilín (2-5 v. 1-4).

Ainneoin sin ba léir go raibh spiorad úrnua múscaile i bhfir an Iarthair. Ar Lá Fhéil' Pádraig, 1934 d'éirigh le foireann Chonnacht Corn an Bhóthair Iarainn a bhuachan den chéad uair riamh, nuair a chloígh siad na Laighnigh le cúilín (2-9 v. 2-8). I dteannta an chaptaein, Micheál Ó Dónalláin, bhí seisear Gaillimheach eile - Hugó é féin, Micheál Ó Conaire, Breandán Mac an Adhastair, Micheál Ó hUiginn, Seán Ó Duinn agus an scoth reathaí Proinsias Mac an tSionnaigh ón Dún Mór a bhásaigh agus é i mbláth na hóige agus na maitheasa.

Bhí na Gaillimhigh in uachtar arís i gConnacht i 1934. Bhuail siad Ros Comáin gan stró (2-7 v. 0-4) ar dtús agus i gcluiche ceannais Chonnacht a imríodh sa Chaisleán Riabhach chuir siad an cath ar Mhaigh Eo le 5 chúilín (2-4 v. 0-5). Gan amhras ar bith ba é seo lá fómhair Hugó Uí Chiardha. Sheas sé an fód gan stríocadh gan staonadh agus ba chumasach freisin mar a d'imir an lánchúláir láir, Séamas Ó Dálaigh, a rinne ionadaíocht do Mhicheál Ó Conaire.

Socraíodh Tuaim mar an láthair do chluiche leathcheannais na hÉireann idir na Gaillimhigh is fir an Chabháin,

curaidh Uladh agus gaiscígh na hÉireann chomh maith.

Ar 12 Lúnasa, 1934 thriall os cionn 25,000 duine ar Thuaim leis an gcoimhlínt a fheiceáil ach baineadh mealladh as an ollslua nuair a shroich siad an pháirc imeartha. Bhí cúrsaí ansin ina gcíor thuathail — rud a d'fhág nach bhfuair na mílte léargas ar bith ar an gcluiche. Ní hionadh mar sin gur thug slua mór den lucht féachana aghaidh ar an seastán ar Ráschúrsa Thuama, a bhí níos mó ná 200 slat ón bpáirc, ag súil go bhfaighidís amharc ar an gcoimheascar.

Cuireadh tús leis an imirt ag 4.13 i.n. ach i ngeall ar an lucht féachana a bheith ag brú thar an dtaobhlíne isteach mhair an chéad tréimhse 48 nóiméad agus bhí Gaillimh cúl (1-5 v. 0-5) chun cinn. Ag an am sosa chuaigh an réiteoir, Seán Mac Cárthaigh as Trá Lí, Oifigigh ó Lár-choiste Ch. L.G. agus ionadaithe ón dá fhoireann i gcomhairle lena chéile. Ach cinneadh dul ar aghaidh leis an bhféachaint.

Dá dhonacht dá raibh an chéad 'leathuair' bhí an dara tréimhse ina ceap magaidh i gceart. Ón mbrú mór daoine a bhí i láthair bhí an spás imeartha ag laghdú de réir a chéile agus b'éigean an imirt a scor go rímhinic. Comhrac cothrom go maith a bhí ann le linn na tréimhse seo. Bhí cúl d'fharasbarr (1-8 v. 0-8) ag na Gaillimhigh ag tarraingt ar dheireadh na himeartha nuair a tugadh speach éirice do na hUltaigh. Chuir seo tuilleadh moille ar an gcoimhlínt. Bhí lucht leanúna an Chabháin ag tnúth go mbáfadh an tosaí géarchúiseach, M.S. MagAoidh, an liathróid i gcúl na heangaí ach baineadh stangadh astu nuair a loic a mbuachaill bán.

Bhí an cath feartha agus Gaillimh réidh le dul i ngleic le Baile Átha Cliath i bPáirc an Chrócaigh ar an tríú Domhnach de Mheán Fómhair. Bhain fir an Iarthair tuisle as na Laighnigh sa chluiche ceannais (3-5 v. 1-9) agus d'ardaigh siad leo Corn Mhig Uidhir go buacach caithréimeach thar Sionainn siar den chéad uair riamh. Bua ar leith a bhí ansin mar ba í seo bliain cheiliúrtha lubhaile Órga Chumann Lúthchleas Gael.

Is trua le haithris nach maireann beo ach duine amháin (Diarmaid Mistéil as Cora Finne) de na dea-laochra seo a scal solas na honóra ar a gcontae agus ar Chúige an Iarthair.

Flaithis Dé dá n-anamacha uilig.

Scéilíní a bhaineann le Hugó

Le linn do Amhrán na bhFiann a bheith á chasadh i bPáirc an Chrócaigh sular thosaigh Cluiche Ceannais na hÉireann ar 23 Meán Fómhair, 1934 nár bhreathnaigh Hugó síos ar an talamh agus céard a d'fheicfeadh sé ar an bhféar ach píosa trí pingne. Chomh luath agus a bhí deireadh leis an Amhrán Náisiúnta chrom Hugó síos, thóg sé an bonn airgid agus chuir sé é i bpóca beag a bhí ar a bhríste peile.

Is gnách nach mbíonn póca ar bith ar an mbríste peile ach rinne a mháthair póicín speisialta le bonn beannaithe den Mhaighdean Mhuire ann agus d'fhuaigh sí ar an mbríste é. Ba anseo a chuir Hugó an t-airgead i dtaisce. Choinnigh sé an píosa trí pingne leis na boinn ar fad a bhuaigh sé i rith a ré peileadóireachta. Agus nuair a bhí Aifreann na Marbh á chur lena anam in Ardeaglais Naomh Mel i mbaile mór an Longfoirt tugadh an píosa airgid seo i dteannta na mbonn eile go dtí an altóir le haghaidh na hOfrála.

Faoi mar a dúirt mé cheana chaith fear Charna bunús a shaoil ag tiomáint an bhus ó lár na tíre go Gaillimh. Ba mhinic a thaistil mé féin leis agus caithfidh mé a rá go mba dheas lách soilíosach an duine é a raibh gnaoi is gean air de shíor.

Tharla sna caogaidí go raibh sagart paróiste sa Turlach Mór nach raibh róshásta lena phobal mar go mbidís mall ag teacht chuig an Aifreann. Domhnach amháin, agus é crosta go maith, dúirt sé leo dá socróidís a gcuid clog le bus Hugó Uí Chiardha go mbeidís in am i gcónaí!

Nuair a cuireadh deireadh leis an traein ó Ghailimh go dtí an Clochán i 1932 ní gan fáth go raibh muintir an Chlocháin agus muintir Iar-thuaisceart Chonamara ar buile dá bharr. An lá tar éis don traein stopadh nár bh é Hugó a thiomáin an chéad bhus paisinéirí ón gClochán go Gaillimh. Bhailigh lucht agóide sa gClochán agus ag crosbhóithre ar an aistear isteach go Gaillimh agus murach an aithne mhór a bhí ar Hugó is cinnte go dtarlódh scliúchas. Ag an am, b'fhéidir go raibh daoine ann a cheap gurbh é tiománaí an bhus ba chúis le gur scoireadh den chóras traenach seo.

—Séamas Ó Cualáin

Scoth Peileadóra as Carna ar lár

SÉAMAS Ó CUALÁIN

Ar an dara Domhnach deiridh de mhí Iúil seo caite d'fhuadaigh an bás uainn Hugó Ó Ciardha a raibh cónaí air le fad i mbaile mór an Longfoirt. Faoi mar is eol dá lán ba ón mbaile seo a thiomáineadh sé bus paisinéirí le C.I.É. go Gaillimh lá i ndiaidh lae ar feadh na mblianta. Go ndéana Dia trócaire ar a anam.

Ba mhac é Hugó le Mairéad Ní Bhéarra as baile Charna féin agus le hAnraí Ó Ciardha, póilín as Co. Aontrama a bhí lonnaithe i gCarna. Tar éis a phósta aistríodh Anraí go Carraig Álainn i gCo. Liatroma agus ba anseo a saolaíodh Hugó i 1910.

Beagán blianta ina dhiaidh sin d'fhill an comhlúadar ar fad ar Charna arís agus ba anseo a d'fhreastail Hugó agus an chuid eile den chlann ar an scoil náisiúnta agus ba ansin chomh maith a thosaigh Hugó ar a ré dhearsnaitheach peile.

D'fhéadfaí a rá gurbh é an Ciardhach an chéad pheileadóir as Gaeltacht Chonamara a ghnóthaigh bonn Chraobh Shinsear Peile na hÉireann le Gaillimh. Chuir roghnóirí an chontae sonrú san ógfhear ard dea-dhéanta scafánta seo nuair a chonaic siad é i mbun imeartha le foireann bhuach Charna i gCraobhchomórtas shóisear an chontae i dtús na dtríochaidí. I measc na buíne sin freisin bhí sarimreoirí eile

cosúil le Cóilín Ó Cualáin sa Maighros.

Ag an am chaitheadh foireann Charna geansaithe uaine agus bán a cniotáladh i monarcha bheag olla a bhí faoi stiúradh Shiúracha na Trócaire san áit.

Ba mhór an onóir do Charna gurbh iad na geansaithe céanna seo a chaith foireann shinsear peile na Gaillimhe i 1933 agus suas go dtí Cluiche Ceannais na hÉireann i 1934. Athraíodh na dathanna seo go cróndearg (marún) agus bán don Chraobhchluiche a imríodh i bPáirc an Chrócaigh ar 23 Meán Fómhair, 1934. {Is fiú a lua gur dáth é an cróndearg a raibh an-tóir air ag mná an Chladaigh i nGaillimh leis na blianta fada riamh anall.}

Roghnaíodh Hugó Ó Ciardha mar lánchúláir ar dheis ar fhoireann sinsear na Gaillimhe den chéad uair i 1932 agus ba san ionad sin a d'imir sé uaidh sin amach ní hamháin dá chontae ach do Chonnachta i gComórtas an Bhóthair Iarainn chomh maith.



An Pharaid roimh Chluiche Ceannais 1934: Gaillimh á dtreorú ag an gCaptaen Micheál Ó hUiginn agus ina dhiaidh sin tá Micheál Ó Conaire, Hugó Ó Ciardha, Breandán Mac an Adhastair, Proinsias Mac an tSionnaigh, Diarmaid Mistéil (an t-aon duine a mhaireann fós), Tomás Mac Aodha, Donnchadh Ó Súilleabháin, 'Cosán' Ó Braonáin, Máirtín Ó Ceallaigh, Ralf Ó Gríofa (beagnach clúdaithe), Micheál Feirtéar, Tadhg Mac Cárthaigh, P.S. Mac Dónaill agus Seán Ó Duinn ar deireadh.

Pléaraca sa mBriotáin

Mar thoradh ar iarratas ar Chiste Eorpach le teangacha mionlaigh a chur chun cinn, fuair **Pléaraca** roinnt airgid le déanaí le oibriú in éindí le **AR VRO BAGAN** — compántas drámaíochta a oibríonn tré Bhriotáinis. Tá Ar Vro Bagan lonnaithe i Plouguerneau — baile beag ar an gcósta 30 míle ó thuaidh de Bhrest. Sileadh gur bealach an-mhaith é le cleachtadh agus oiliúint a chur ar fáil don ghrúpa atá páirteach i Scéim Fostaíochta Pobail an Phléaraca, go n-ullmhófaí seó in éindí le compántas proifisiúnta, a bhfuil ardchaighdeán ag baint lena gcuid oibre.

Tá dráma scríofa ag **Daithí Ó Muirí** ón Scéim Fostaíochta Pobail, bunaithe ar scéal le **Dara Ó Conaola** ó Inis Oírr — **An Gaiscíoch Beag**. Sa bhFómhar beidh roinnt daoine ón gcompántas Briotáineach ag tíoht go Conamara le oiliúint a thabhairt i ngach gné den drámaíocht agus le cúnamh a thabhairt an dráma a ullmhú don stáitse. Tá sé i gceist ag Pléaraca go ndéanfar camchuairt ar na hallaí pobail i gConamara agus ar Oileáin Árann, mí na Samhna leis an dráma.



Siobhán Ní Mhuirí (ar chúl), Bríd Ní Chartúir agus Úna Ní Cheannabháin ag bádoireacht sa mBriotáin

Chaith seisear ón Scéim i Ros Muc, seachtain sa Bhriotáin le gairid. **Bríd Ní Chartúir** (Cinn Mhara); **Úna Ní Cheannabháin** (Doire Iorrais); **Tarlach O'Connor** (An Spidéal); **Darryl Broe** (An Lochán Beag); **Siobhán Ní Mhuirí** (Ros Muc) agus **Tommy Ceven Ó Nia** (Ros Muc) an seisear a thaisteal ar an mbád ó Chorcaigh go Roscoff. Eolas a bhailiú faoi **Ar Vro Bagan** agus tús a chur leis an tionscnamh oiliúna sa drámaíocht, an dá aidhm a bhí leis an turas.

Seo tuairisc ó dhuine den seisear, **Bríd Ní Chartúir**, ar an gcaoi a ndeachaigh an Bhriotáin i bhfeidhm orthu.

D'fhoghlaim an grúpa againn a chuaigh ag an mBriotáin go mbreathnaíonn muintir na Briotáine orthu féin mar dhream faoi leith, difriúil ón gcuid eile de mhuintir na Fraince. Tá a dteanga, a gcultúr agus a gcuid traidisiúin fhéin ag muintir na Briotáine. Tá baint an-mhór aige seo le stair na tíre agus an rud a tharla le linn an dara cogadh domhanda, dar leis na

daoine ar chuir muid aithne orthu thall. Bhí an dream ar chas muid leo breá sásta míniú a thabhairt ar na fáthanna atá leis na tuairimí agus an dearcadh atá acu fhéin i leith a n-ionannachais agus an spéis atá acu a gcultúr fhéin a láidriú. Chuaigh an méid a bhí le n-inseacht acu i gcion orainn agus i ngan fhios dhúinn fhéin bhí muid ag déanamh comparáidí idir

muintir na Briotáine agus lucht labhartha na Gaeilge anseo in Éirinn.

Tá comhlucht dramaíochta bunaithe ag **Ar Vro Bagan** ó 1975, an dream a ndeachaigh muid anonn ar cuairt acu. D'inis siad dhúinn gurb é an fáth gur bhunaigh siad an comhlacht dramaíochta an chéad lá riamh chun Briotáinis a chur chun cinn agus an ghlún óg a spreagadh agus suim a mhúscailt iontu faoina dteanga agus a gcultúr. Cúis é sin a bhí an-ghar dár gcroíthe féin.



Tá fiche bliain caite ag compántas Ar Vro Bagan, ag taisteal timpeall na Briotáine lena gcuid léiriúcháin agus tá toradh suntasach ar an méid oibre agus ama atá caite acu ag plé leis an gcineál seo oibre. Tá sé soiléar go bhfuil ag éirí leo ina gcuid iarrachtaí. Tá daoine ag foghlaim Briotáinise, tá borradh tagtha ar an méid daoine atá ag labhairt Briotáinise lena chéile mar theanga pobail. Freastalaíonn na sluaite ar sheóanna a chuireann AR VRO BAGAN ar an stáitse.

Chonaic muid dhá léiriúchán — **Dráma na Páise** agus **Tristan & Iseult**. Bhí an dá leiriúchán thar cionn. Thuigearmar cén fáth a bhfuil Ar Vro Bagan ar cheann de na compántais dramaíochta is mó agus is clúití sa tír s'acu fhéin!

Tá muid go mór faoi chomaoín acu as ucht fáilte mhór mhillteach a chur romhainn, an méid taistil thimpeall na háite a rinneadar linn agus an méid a d'fhoghlaim muid uathu. Tá cairdeas faoi leith cruthaithe eadrainn agus tá muid ag súil go mór lena dteacht anseo le tuilleadh a mhúineadh dhúinn faoi chuile ghné den dramaíocht, idir aisteoireacht, soilsiú, fuaimiú, cultacha, dearadh seite agus propanna roimh dheireadh na bliana seo. Tá cuimhní cinn an-speisialta ag an seisear againn a raibh sé d'ádh orainn dhul anonn ar an turas seo. Tá muid buíoch go bhfuair muid an deis. Ba bhlaiseadh é de shaol agus de chultúr eile, cultur mhuintir na Briotáine — dream faoi leith!

Siopa Uí Chonghaile

LEITIR MEALLÁIN, 091-551112

Grósaer, Peitreal, Gás
Beatha Beithíoch srl

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!



Go n-éirí go geal le Fiile an Phléaraca

Siopa Tigh Mhic Donnacha

Na Minna, Indreabhán. 091-593446

Siopa Grósaera, Peitreal
Beathú Ainmhi, Soláistí Feirme

9am — Deireannach

Seirbhís Seachadadh Saor in Aisce

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

PÁDRAIG Ó CONGHAILE SIOPADÓIR

Camus Uachtar,
Camus, Co. na Gaillimhe
091-574199

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

BOLUISCE

BIALANN • BIA NA MARA
(091) 83286



Uinetrí:
Monica agus Kevin Mac Gabhann
An Spidéal, Conamara

teilifís

Baile Ard
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
Éire

Teil: +353.91.83500
Facs: +353.91.83611

WEDGE WOOD FRAMING

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 593455

Go n-éirí leis an bPléaraca

Ócáidí

BLÁTHANNA CHONAMARA



BLÁTHANNA DO CHUILE ÓCÁID
NA FORBACHA
GAILLIMH
TEL: 091-592992

Tigh Pheadair Mhóir ar an mBánrainn



"Ach cá bhfuil Tigh Pheadair Mhóir mar sin?" — ceist a chuirtear go minic orm nuair a luaitear na hoícheantaí áirneáin a bhíonn ar siúl i gcaitheamh na bliana sa teach ósta ceann tuí sin ar an mBánrainn. "Siar díreach ó chrosbhothair na Tuláí agus feicfidh sibh teach ceann tuí ar thaobh na láimhe deise". "Ach nach shin Tigh Pheadair Dick?"

'Tigh Pheadair Mhóir', 'Tigh Pheadair Dick', nó 'Teach Ósta Uí Chualáin' mar atá scríofa ar fhógra ag an gcosbhothar is cuma céard a ghlaonn tú air is é an teach breá céanna é, ceann de na tithe ósta is tarraingtí i gConamara nó in Éirinn fiú.

Tá sé ráite gur tógadh an teach den chéad uair ós cionn dhá chéad bliain ó shin. Ceaptar gur cuireadh píosa soir as uair éicint ag deireadh an chéid seo caite. Seans gur tharla sé seo nuair a tháinig Bríd Ní Fhatharta, Bideach Mharcuis agus a fear céile Ned Cotter (athair Johnny Cotter) abhaile as Meiriceá nó gur cheannaigh siad an teach ar phraghas an-íseal, punt tobac nó rud éicint suarach mar sin.

Maidí coille atá sa díon thiar ach adhmaid gearrtha atá sa gceann thoir, rud a thabharfadh le fios gur

ag am níos deireannaí a tógadh an chuid thoir. Tá an t-adhmaid céanna sin fós i ndíon an lae inniú. Ceaptar gur b'iad Ned Cotter agus Bideach Mharcuis a fuair an chéad ceadúnas ó Bhanríon Shasana chun pórtar a dhíol ann, ach seans gur sibín a bhí ann roimhe sin.

Ag an am sin thugtaí an pórtar amach as Gaillimh i gcarr capaill. D'fhágtaí an teach ag meánoíche le bheith i nGaillimh an chéad rud ar maidin agus arís don tráthnóna. Ar ndóigh is iomaí duine a bhíodh ag siúl go Gaillimh an tráth sin; ag tosnú amach i lár na hoíche lena gcuid earraí a dhíol ar an margadh ar maidin.

Thart ar 1920 nó roimhe sin fuair Sarah Feeney seilbh ar an teach. Bhí Sarah pósta ar dhuine de mhuintir Chotter agus nuair a bhásaigh seisean ba léi féin an teach. Phós sí arís ansin, an tráth seo Pádraig Ó Domhnaill as Cnoc an Asail, Maigh Cuilinn. Nuair a bhásaigh Sarah Feeney í fhéin chuaigh Máiréad Ní Dhomhnaill, a raibh fear Sarah ina uncail aici siar ag tabhairt aire dó siúd.

Tigh Pheadair Dick

Sa mbliain 1947 phós Máiréad Ní Dhomhnaill, Peadar Tom Rua ó Cualáin as Leitir Calaidh. Bhí

Gearóid Ó Murchú

Peadar ag obair ag an am mar bhainisteoir ag Dick Ó Thuathail, fear a raibh sraith mór siopaí sa gceantar aige. Is as seo a d'eascair an t-ainm Peadar Dick.

Is díol suntais go dtí an lá atá inniu ann fógra ornáideach sa tsean scríbhinn Ghaelach atá crochta ar an mballa taobh amuigh.

"Mairéad Ní Chualáin, ceadúnas seacht lá. Ceadúnaithe chun beoir, fíon agus biotáille a dhíol, air nó as na háitreabh. Ceadúnas chun tobac a dhíol."

Ar ndóigh ba í Mairéad Ní Chualáin, bean Pheadair Dick agus máthair Thomáis Uí Chualáin atá anois ina fhear a 'tí.

Fearacht chuile theach eile den tsórt ag an am, ní teach ósta amháin a bhí ann. Bhíodh chuile shórt a dhíol ann. "Earraí grósaeireachta, beatha beithíoch, spealta, iasc, feoil, cuinneogaí, rópaí, creannta speile, plúr, chuile shórt beo," agus is dóigh go raibh neart taithí ag Peadar Mór ar dheileáil leis an taobh sin den ghnó agus é ag obair le Dick Tuathail.

Céard as a dtáinig an tainm "Peadar Mór", mar a thugann muintir na Bánrainne air, mar ní fear mór ard a bhí ann, ach fear é a bhí in ann caint mhór a dhéanamh, go speisialta le stráinséirí agus bhí neart scéalta móra aige. Is dócha gur mar gheall air seo a baisteadh Peadar Mór air. Cailleadh Peadar é féin thart ar dheich mbliana ó shin, beannacht Dé lena anam.

Lá an Phátrúin

An lá is mó sa mbliain a bhíodh ag Tigh Pheadair Dick ná lá an Phátrúin, 9ú Meitheamh, Lá Thobar Cholm Cille. Bhíodh daoine ag teacht ó chéin is ó chongar ann.

Thagadh daoine aniar as na hoileáin le báid, le turas an tobair a dhéanamh. Thagadh daoine de shiúl na gcos aniar as Carna, Ros Muc, Leitir Mealláin agus chuile áit eile i gConamara. D'fhágáidís sin an oíche roimhe. D'fhanáidís sa teach ósta ina gcodladh sa lochta ar mhálaí bran, sin dá gcodlaídis ar chor ar bith.

Bhíodh sluaite móra ann. Agus bhíodh neart pórtair á ól. Tá sé ráite gur tháinig soitheach amach as Gaillimh bliain amháin agus í líonta le barrillí pórtair, go speisialta don ócáid. Is minic a bhíodh achrann ann freisin agus réabadh, mar go leor de na daoine a bhíodh ann ní chasáidís le chéile ach uair sa mbliain, ar an lá seo.

Bhíodh an pub féin dúnta lá an Phátrúin agus boird agus cuntair taobh amuigh ar an tsráid le freastal ar an slua.

Nuair a bhí an Pátrún i mbarr a réime, bhíodh cábáin ann ag díol chuile shórt earraí, díreach ar nós aonach an Tí Dhóite. Bhíodh "fir roll the penny" ann agus "fir Pitch and Toss" chomh maith le roth roulette agus ar ndóigh "fear an 3 card trick." Sa seanam bhíodh cábán óil ag an bPátrún freisin.

An Ré Nua

Sa mbliain 1989 chuir úinéara an lae

inniu, Tommy Pheadair Mhóir, athchóiriú iomlán ar an teach ósta. Sé Gerry Joyce a rinne an leagan amach. Chuir sé an brat nua giolcach ar an díon i 1982. I mbliana tógadh póirse nua mar chosaint bhreise ar an aimsir agus cuireadh brat giolcach air sin chomh maith.

Bíonn an-tarraingt ag stráinséirí anois ar an áit agus iad ag dul thar bráid. Tógtar go leor pictiúirí den teach agus de na daoine a ólann ann. Chuir sé an-íontas orm féin agus mé ar saoire i ndeisceart na Fraince go bhfaca mé pictiúr breá de Chóil Tom Ó Conghaile ón gCaorán ar chlúdach "Irlande" iris Bhord Fáilte sa bhFrainc. Is cosúil gur ghlac duine de mhuintir na Fraince an pictiúr seo de Chóil Tom ag seasamh ag doras Tigh Pheadair Mhóir agus gur foilsíodh é i ngan fhios dó, ach sin scéal eile. Is pictiúr breá é agus tá sé crochta i measc grianghrafanna eile sa teach ósta.

Scéal spéisiúil eile faoi ghrianghrafanna ná an ceann seo a d'inis Peadar Ó Cualáin, Peter Pheadair Mhóir dom. Is cosúil go mbíodh go leor pictiúr á nglacadh den áit nuair a bhí Peadar Mór é féin beo agus i gcónaí d'iarradh sé go gcuirfí cóip den phictiúr chuige. Ghlac fear áirithe pictiúr dhó sa bpup lá agus is cosúil nuair a d'fhill an fear seo abhaile, pé ar bith áit sa domhan a

raibh sé, go raibh ainm, agus seoladh Pheadair cailte aige. Ach níor sháraigh sé sin mo dhuine. Tamall ina dhiaidh sin tháinig litir sa bpost agus an pictiúr istigh ann. San áit a raibh éadan Pheadair ar an bpictiúr bhí poll déanta sa gclúdach litreach agus é féin ag breathnú amach as. Sén seoladh a bhí ar an gclúdach ná "This man. Thatched Cottage. Connemara." Rinne an litir roinnt mhaith siúil ach gan mórán achair d'aithnigh Seán Tuohy in Oifig an Phoist, Indreabhán an t-éadan a bhí ag breathnú air.


Oícheanta Áirneáin

Na laethanta seo tá cáil Tigh Pheadair Mhóir ag scaipeadh ar bhealach nua mar ionad ceoil agus amhránaíochta. Is iomaí seisiún breá amhránaíochta agus seanchais a bhí ann le tamall de bhlianta. Eagraítear oícheanta beaga áirneáin go rialta os comhair tine bhreá mhóna sa ngeimhreadh. Ach an ócáid is mó ar fad anois ná an Oíche Mhór Áirneán le linn Phléaraca Chonamara. Bíonn an áit ag cur thar maoil. Cloistear cuid den scéalaíocht, den sean-nós agus den seanchas is fearr dá bhfuil ann an oíche sin.

Ach táid ann a déarfadh go gcloisfeá a mhacasamhail lá ar bith Tigh Pheadair Mhóir.



Trasuiteoir nua UHF RTÉ/TnaG i gCasla





Tá trasuiteoir nua teilifíse i mbun seirbhíse ag RTÉ i gCasla anois agus is ceart do dhaoine athrú go dtí Cainéal 39 do RTÉ 1, Cainéal 42 do Network 2 agus Cainéal 49 do Theilifís na Gaeilge (TnaG).

Tá tús le craoladh trialach ar sheirbhísí RTÉ agus TnaG ar na minicíochtaí seo ón Aoine 9 Lúnasa 1996.

Is gá aeróg UHF Grúpa B le dea-ghlacadh ar an gcomhartha seo a chinntiú.

Má tá tuilleadh eolais uait is ceart labhairt le do ghníomhaire teilifíseán nó glaoch ar RTÉ ag 1850 584 584

RTÉ



Bain úsáid as **Gaeltext**



Nuacht 481, Cláracha Gaeilge 482, Ranganna Gaeilge 483, Féilire Imeachtaí 484, Clár na bhFógraí 485, Seirbhísí Eaglasta (Sath./Domh.); Cúrsaí Reatha 486, Fostaíocht 487

Gaeltext AER-IRIS GHAEILGE Fón & Facs 01- 491 0252



Seirbhís de chuid Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

RTÉ

Dhá shúil
Dhá chluais
Dhá láimh
Dhá chois...

Dhá theanga
Gan amhras!



Údarás na Gaeltachta